50 Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
58 Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
59 Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha
61 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta
68 Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa
69 Clár Comhardaithe an Ghrúpa
70 Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta
71 Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Aitheanta an Ghrúpa
71 Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Aitheanta na Máthairchuideachta
72 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa
73 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid na Máthairchuideachta
74 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
109 Aguisín

Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cuireann Comhaltaí an Bhoird an tuarascáil maraon le ráitis airgeadais iniúchta na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 i láthair.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is iad giniúint, tarchur, leithdháileadh agus soláthar leictreachais príomhghníomhaíochtaí Ghrúpa BSL. Bíonn an Grúpa ag obair go hidirnáisiúnta i réimsí gaolmhara chomh maith.

ATHBHREITHNIÚ AR AN NGNÓ

Tugtar tráchtaireacht maidir leis an bhfeidhmíocht i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006, lena n-áirítear tuairisc ar imeachtaí le tamall anuas agus ar fhorbairtí atáthar á dtuar, in Athbhreithniú an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Léirítear feidhmíocht an ghnó agus an riocht airgeadais ina bhfuil sé maraon leis na príomhrioscaí atá ann don Ghrúpa san Athbhreithniú Airgeadais chomh maith leis na hAthbhreithnithe ar gach réimse gnóthais suntasach atá sa Ghrúpa.

TORTHAÍ NA BLIANA

Léiríonn toradh airgeadais an Ghrúpa brabús don bhliain airgeadais dar luach €223 milliún i gcomparáid le €241 milliún sa bhliain 2005.

Níor íocadh aon díbhinn eatramhach i rith 2006. Tá Comhaltaí an Bhoird ag moladh go n-íoctar díbhinn chríochnaitheach de 3.37 cent in aghaidh an aonaid de stoc caipitiúil, suim is ionann agus €66.7 milliún ina iomláine sa bhliain 2007 i leith na bliana 2006. Íocadh díbhinn iomlán in aghaidh an aonaid de 3.66 cent, suim ab ionann agus €72.4 milliún ina iomláine sa bhliain 2006 i leith na bliana 2005. Leagtar amach breis sonraí maidir le toradh na bliana agus toradh na bliana roimhe sin i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus sna Nótaí a théann leis.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tagann BSL leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit mar a d'aontaigh an Rialtas an 2 Deireadh Fómhair 2001. Leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach sa Chód a n-éilítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Tagann BSL chomh maith leis na dualgais maidir le rialachas corparáideach agus réimsí eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Tagann BSL, a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach, leis an gCód Cumaisc do Rialachas Corparáideach. Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na rialacha liostaithe, tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ina gcuirtear prionsabail an Chóid i bhfeidhm agus deimhniú go sásaítear forálacha an Chóid nó míniúchán a thabhairt i gcás neamhghéilliúnais. Is comhlacht reachtúil é BSL arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 agus, dá bharr sin, níl forálacha an Chóid Chumaisc infheidhme i gcás BSL. Ina dhiaidh sin féin, tacaíonn BSL le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chumaisc agus bítear ag teacht le gach a n-éilítear ann ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(i) Is gnó de chuid an Rialtais ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus, dá réir sin, níl coiste ainmniúcháin ag BSL.
(ii) Ceaptar Comhaltaí an Bhoird ar feadh téarmaí ceithre nó cúig bliana agus níl siad, dá bharr sin, faoi réir ag atoghadh ar an mBord tar éis tréimhsí nach faide ná trí bliana.
(iii) Tagann polasaithe BSL maidir le luach saothair do Chomhaltaí Feidhmiúcháin an Bhoird (An Príomhfheidhmeannach) leis na "Socruithe maidir le luach saothair Phríomhfheidhmeannaigh Chomhlachtaí Tráchtála Stáit faoi choimirce na Roinne Fiontair Poiblí a chinneadh" mar a eisíodh i mí Iúil 1999. Ní áirítear suimeanna a íocaíodh leis an gceathrar Oibrí Comhalta Boird ina bhfostaithe de BSL dóibh sna sonraí faoi luach saothair Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 55, ach áirítear suimeanna a íocaíodh leo i bhfoirm táillí.
(iv) Ní dhéanann próiseas luachála an Bhoird luacháil ar fheidhmíocht chomhaltaí Boird ar leith.
(v) Téann an Cathaoirleach i gcomhairle le Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird go rialta, ach ní trí chruinnithe foirmiúla.
(vi) Tá Cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta freisin.
(vii) Tá beirt Chomhaltaí neamhspleácha den Bhord ina bhfostaithe de chuid cuideachtaí a chuireann seirbhísí creidmheasa agus seirbhísí airgeadais eile ar fáil do BSL, go díreach nó trí chuideachta Grúpa, ach ní mheastar gur ionann an caidreamh gnó sin agus aon lagan ar neamhspleáchas na gComhaltaí Boird atá i gceist.

PRIONSABAIL AN DEA-RIALACHAIS

Freastal ar Chruinnithe

Bhí 11 Cruinniú Boird ann i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2006. Léiríonn an uimhir idir lúibíní ar aghaidh gach ainm thíos an tinreamh ag gach Comhalta den Bhord ag Cruinnithe Ginearálta Boird agus Cruinnithe Speisialta Boird faoi seach, i rith na bliana.

Comhaltaí Boird 2006

Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach	(10)
Joe LaCumbre, (chuaigh ar scor 28 Feabhbra 2006)	(2)
Brendan Byrne*	(10)
Eamonn Connolly	(11)
Eoin Fahy* (chuaigh téarma in éag 21 Eanáir 2006 agus athcheapadh é 21 Feabhra 2006)	(10)
Georgina Kenny*	(11)
Seamus Mallon* (ceaptha 21 Feabhra 2006)	(8)
John McGinley	(11)
Will McKee*	(11)
Padraig McManus	(11)
Derry O'Donovan*	(9)
Pat Smith	(11)

** Comhaltaí Boird Neamhspleácha*

Athruithe ar Chomhaltas an Bhoird

Scoir an tUasal Joe La Cumbre mar Oibrí Comhalta Boird i rith na bliana. Chuaigh téarmaí oifige an triúir Oibrithe Comhalta Boird eile - an tUasal Eamonn Connolly, an tUasal John McGinley agus an tUasal Pat Smith - in éag an 31 Nollaig 2006. Rinne an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ceathrar Oibrithe Comhalta Boird nua - an tUasal John Coleman, an tUasal Tony Merriman, an tUasal John Nugent agus an tUasal Bobby Yeates - a cheapadh ar feadh téarma ceithre bliana le tosú an 1 Eanáir 2007, tar éis a dtoghadh ag an bhfoireann.

An Bord

Siúd is go dtarmligtear an ghnáthfhreagracht ó thaobh ceannaireachta agus rialú na cuideachta chuig an bPríomhfheidhmeannach agus a Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach laistigh de theorainneacha údaráis réamhshainithe, is é an Bord atá freagrach sa deireadh thiar as feidhmíocht na cuideachta. Dáréag chomhalta a bhí ar an mBord an 31 Nollaig 2006 agus an Phríomhfheidhmeannach san áireamh. Tá ochtar de Chomhaltaí an Bhoird, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, ceaptha ag an Rialtas ar feadh téarma cúig bliana agus an ceathrar Oibrithe Comhalta Boird arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar feadh téarma ceithre bliana tar éis a dtoghadh ag an bhfoireann.

Tá deimhnithe ag an mBord go raibh an seisear Comhaltaí Boird thuasluaite, neamhspleách le linn na bliana 2006. Is fostaithe buana de chuid BSL iad an Príomhfheidhmeannach agus an ceathrar Oibrithe Comhalta Boird agus tá a gcuid tréimhsí fostaíochta faoi rialú ag an gconradh fostaíochta atá acu leis an gcuideachta.

Tá Tadhg O'Donoghue ina Chathaoirleach ar an mBord ó mhí Eanáir 2001. Áirítear ar a chuid freagrachtaí ceannaireacht a thabhairt don Bhord, clár oibre an Bhoird a leagan amach, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus soirbhiú don lán-rannpháirtíocht ag gach comhalta Boird. Ina Chathaoirleach dó, tá sé freagrach freisin as cinntiú go mbíonn cumarsáid éifeachtach ann le húinéirí agus le geallsealbhóirí na cuideachta – an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus a gcuid oifigeach agus le ESB ESOP Trustee Ltd – Plean Úinéaracht Scairshealbhóireacht Fostaithe do BSL. Tá ról an Chathaoirligh, a fheidhmíonn go páirtaimseartha, agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh glan ar a chéile.

Is í Georgina Kenny an Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách Sinsearach.

Aontaíonn an Bord ar sceideal de chruinniú in aghaidh na míosa (ach amháin mí Lúnasa) a reáchtáltar gach bliain agus tagann sé le chéile ar ócáidí eile chomh maith de réir mar is gá. Tá sceideal foirmeálta ábhar ann a fhorchoimeádtar go sonrach don Bhord d'fhonn cinneadh maidir leo ag cruinnithe Boird. Áirítear ar na príomhnithe a fhorchoimeádtar don Bhord:

- Faomhadh ar straitéis, buiséid bhliantúla agus cuntais bhliantúla agus idirthréimhseacha an Ghrúpa.
- Athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais.
- Mórchaiteachas caipitil a cheadú.
- Athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus ar bhainistiú riosca an Ghrúpa.
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht an Ghrúpa maidir le sláinte agus sábháilteachta.
- Ceapacháin i bpoist an Príomhfheidhmeannaigh, na Bainistíochta Sinsearaí agus an Rúnaí Cuideachta.

Tá údarás tarmligthe chuig an mbainistíocht ag an mBord maidir le ghnáthchinntí gnó faoi réir ag teorainneacha agus ag tairseacha sonraithe.

Is féidir le Comhaltaí an Bhoird, i mbun a gcuid dualgas dóibh, comhairle lucht gairme neamhspleách a fháil de réir mar is gá, ar chostas BSL. Tá teacht ag gach Comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhís ó Rúnaí na Cuideachta. Tá urrús árachais socraithe chun cosaint a thabhairt do na Stiúrthóirí agus d'Oifigigh in aghaidh dhliteanas ag éirí as caingne dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas. Tá clár buneolais bunaithe chun tuiscint a thabhairt do Chomhaltaí Boird nuacheaptha ar oibriú an Ghrúpa. Faigheann gach Comhalta den Bhord ráiteas airgeadais míosúil maidir leis an nGrúpa agus seoltar cáipéisíocht iomlán an Bhoird chuig gach comhalta go ráthúil roimh chruinnithe an Bhoird. Bíonn miontuairiscí chruinnithe de chuid fhochoistí an Bhoird i measc cháipéisíocht an Bhoird.

Rinne an Bord luacháil fhoirmiúil ar a chuid feidhmíochta féin agus ar fheidhmíocht na gCoistí i rith na bliana 2006. Roghnaigh an Cathaoirleach an próiseas trína ndéanfaí an luacháil lena ndearna Comhaltaí an Bhoird ceistiúcháin a líonadh go mion agus lenar baineadh leas as comhairleoir seachtrach chun na torthaí a chur i láthair don Bhord. Rinneadh an luacháil sin chun teacht chomh mór agus is féidir leis an gCód Cumaisc. Ba leis an gcaoi ar chruthaigh an Bord ina iomláine a bhain an luacháil agus ní le feidhmíocht Chomhaltaí ar leith de chuid an Bhoird.

Beidh aird ag an mBord ar a oiriúnaí agus a bheadh luacháil ar Chomhaltaí ar leith de chuid an Bhoird i gcás BSL.

COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD SA BHLIAIN 2006

Cuirtear Coistí ar bun d'fhonn cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Leagtar na Coistí amach thíos.

An Coiste Iniúchta

Comhaltaí:
Brendan Byrne, Cathaoirleach
Derry O'Donovan
Georgina Kenny (ó Bhealtaine go Nollaig)

Is coiste, arna bhunú go foirmeálta, de chuid an Bhoird é an Coiste Iniúchta a leagtar a chuid téarmaí tagartha amach i scríbhinn. Is é cuspóir an Choiste Iniúchta maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus ar chóras rialaithe inmheánaigh BSL.

Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú i rith na bliana 2006 ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus eadramhacha, ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, ar thuarascálacha na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar bhainistiú riosca agus ar pholasaithe agus ar nós imeachta na cistíochta. Rinne an Coiste monatóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar;

- Éifeachtacht fheidhm an iniúchta inmheánaigh
- Na socruithe trínar féidir le baill foirne, faoi rún, ábhar buartha maidir le míréir i gcúrsaí tuairisceoireachta airgeadais nó eile a chur in iúl: agus
- Rinneadh athbhreithniu agus maoirsiú ar neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh agus ar éifeachtúlacht na hiniúchóireachta.

Tá polasaithe socraithe ag an gCoiste maidir le seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad a bheith á gcur ar fáil ag na hiniúchóirí seachtracha, ionas nach mbainfidh seirbhísí dá leithéid le haon ní seachas comhairle maidir le cuntasaíocht, cánachas agus ceisteanna maidir le comhlíonadh, ach amháin de réir mar a chuirtear in iúl don Choiste, agus nach sáróidh na táillí atá le híoc maidir le seirbhísí neamhiniúchóireachta i mbliain airgeadais ar bith na táillí iniúchóireachta don bhliain sin. Tá teacht gan teorainn ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchta. Sé cinn de chruinnithe a bhí ag an gCoiste i rith na bliana 2006 agus rinne na comhaltaí uilig freastal orthu. Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais chuí le tamall beag anuas ag comhalta amháin ar a laghad de chuid an Choiste ó thús deireadh na bliana.

An Coiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta

Comhaltaí:
Georgina Kenny, Cathaoirleach
Eoin Fahy
Pádraig McManus
Pat Smith
Eamonn Connolly

Is é is cuspóir don Choiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar thograí infheistíochta a dhírítear ar a chinntiú go mbíonn ar acmhainn BSL an rath a bheith air de réir na straitéise atá ceadaithe ag an mBord. Rinne an Coiste athbhreithniú i rith na bliana 2006 ar mhórthograí maidir le clár athnuachana na ngréasán, le hinfheistíocht i gcúrsaí fuinnimh inathnuaite agus caomhnaithe comhshaoil, sa phunann ghiniuint chumhachta agus in infheistíocht idirnáisiúnta.

An Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil

Comhaltaí:
Pat Smith, Cathaoirleach
Brendan Byrne
Padraig McManus
Seamus Mallon (ó Bhealtaine 2006)

Comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil is cuspóir don Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil. Rinne an Coiste bearta de chuid BSL d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhlíonadh maidir le sábháilteacht agus an comhshaol a bhreithniú i rith na bliana 2006. Rinne an Coiste tuairiscí ar thimpistí a tharla do bhaill foirne, do chonraitheoirí agus do dhaoine den phobal a bhreithniú freisin chomh maith le comhlíonadh BSL leis an reachtaíocht i réimsí na sláinte, na sábháilteachta agus an chomhshaoil.

An Coiste Airgeadais

Comhaltaí:
Derry O'Donovan, Cathaoirleach
Tadhg O'Donoghue
John McGinley

Maoirseacht ar an straitéis agus ar an bpolasaí maidir le cúrsaí airgeadais is cuspóir don Choiste Airgeadais chomh maith le comhairle a chur ar an mBord de réir mar is cuí. I rith na bliana 2006, rinne an Coiste riachtanais mhaoinithe BSL a bhreithniú i gcomhthéacs na gclár mórinfheistíochta caipitil atá aige.

An Coiste Rialála

Comhaltaí:
John McGinley, Cathaoirleach
Eamonn Connolly
Tadhg O'Donoghue

Maoirseoireacht ar chur le chéile agus ar chur i bhfeidhm na straitéise corparáidí maidir le reachtaíocht shíorathraitheach agus cúrsaí rialála is cuspóir don Choiste seo chomh maith le maoirseacht ar an gcomhlíonadh maidir le coinníollacha rialála. I rith na bliana 2006, rinne an Coiste Rialála leasuithe ar an rialáil ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta a bhreithniú.

An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Comhaltaí:
Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach
Eoin Fahy
Will McKee

Is é is cuspóir don Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta comhairle a chur ar an mBord faoi gach gné de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, aon athruithe ar luach saothair Oibrithe Comhaltaí Boird a cheadú, luach saothair an ghrúpa bainistíochta feidhmiúcháin a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach agus monatóireacht a dhéanamh ar cheannairí BSL na linne seo agus ar cheannairí na ré atá ag teacht. I rith na bliana 2006, rinne an Coiste luach saothair agus spriocanna don Phríomhfheidhmeannach agus do fheidhmeannaigh sinsearacha a bhreithniú chomh maith le riachtanais fhorbartha bhainisteoirí sinsearacha na Cuideachta. Bhí sé cinn de chruinnithe ag an gCoiste i rith na bliana 2006. D'fhreastail an tUasal O'Donoghue ar shé chruinniú agus d'fhreastail an tUasal McKee ar chúig chruinniú.

An Coiste Margaidh agus Custaiméirí

Comhaltaí:
Will McKee, Cathaoirleach
Georgina Kenny
Joe LaCumbre (go Feabhra)
Padraig McManus

Tá an Coiste Margaidh agus Custaiméirí ann chun comhairle a chur ar an mBord faoi gach gné de sheirbhís do chustaiméirí.

Rialuithe Inmheánacha

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus le monatóireacht ar a éifeachtúla is atá sé. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach d'fhonn cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt nach dtarlódh míráiteas ná cailliúint ábhartha. D'fhonn an dualgas sin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go dtagtar leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin, tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an mBord a bhfuil gnásanna soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaráis, dealú dualgas agus tarmligean údaráis ag baint leis.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa maidir leis an rialú ábhartha ar fad, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus rialuithe maidir le comhlíonadh chomh maith le córais bhainistiú riosca. Tá creat daingean rialaithe in úsáid ag BSL lena gcuimsítear gach réimse rialaithe. Tá na gnéithe seo a leanas san áireamh sa chóras rialaithe inmheánaigh:

- Cód eitice a éilíonn go gcloíonn gach fostaí leis na caighdeáin eitice is airde i mbun gnó dóibh.
- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir agus lena sainítear teorainneacha le húdarás agus meicníochtaí tuairiscithe le leibhéil bhainistíochta níos airde agus leis an mBord trína dtreisítear le nós láidir rialaithe a choinneáil.
- Creat rialachais chorparáide lena n-áirítear anailís ar riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis bhliantúla fhoirmeálta maidir le rialachas ón mbainistíocht sna réimsí éagsúla Gnó agus sa Lárionad Corparáideach. Déanann roinn Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa, a dhéanann tuairisciú ar bhonn leanúnach leis an gCoiste Iniúchta, monatóireacht air sin.
- Punann cuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta maidir le rialachas oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitil. Ní mór aontú an Bhoird le haghaidh mórthograí caipitil, agus déanann Coiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta an Bhoird monatóireacht ghéar orthu sin ar bhonn leanúnach. Bíonn siad faoi réir iniúchtaí freisin tar éis iad a chur i gcrích.
- Córais bhuiséid chuimsitheacha lena mbaineann buiséad bliantúil a cheadaíonn an Bord.
- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais. Tuairiscítear toradh iarbhír carnach na míonna ar fad i gcomparáid leis an mbuiséad agus déanann an Bord iad a bhreithniú ar bhonn míosúil. Fiosraíonn an Bord maidir le haon athruithe suntasacha nó aon athraitheas codarsnach, agus déantar gníomh chun a leigheas más cuí sin.
- Ceisteanna oibriúcháin agus airgeadais a bheith á mbreithniú ag Coistí speisialta de chuid an Bhoird mar a leagtar amach ar leathanaigh 52 go 54.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú ar bhonn eagraithe ar na rialuithe sin. Cuirtear béim sna hathbhreithnithe sin ar na réimsí is mó a mbaineann riosca leo de réir mar a shonraítear trí anailís ar riosca. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, le cúnamh ón gCoiste Iniúchta, ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá na gnéithe seo a leanas san áireamh sa phróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchta chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Feidhm bhainistiú riosca ar leith a bhunú i BSL.
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar an bpróiseas athbhreithnithe riosca gach leathbhliain.
- Comhairle neamhspleách maidir le dóthanacht an phróiseas bhainistiú riosca reatha atá á oibriú ag BSL.
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar dheimhniúchán ón mbainistíocht maidir le hoibriú sásúil, éifeachtúil an chórais rialaithe inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus chórais oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa agus na torthaí agus na tuairiscí a bhreithniú.
- Tugann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa tuairisc go rialta maidir le stádas na gceisteanna a tarraingíodh anuas cheana de bharr a gcuid tuairiscí féin nó de bharr thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó na hiniúchóirí seachtracha, KPMG, ina luaitear sonraí maidir le haon cheist rialachais suntasach a shonraítear le linn a gcuid oibre mar iniúchóirí.

LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

LUACH SAOTHAIR	2006 €	2005 €
An Cathaoirleach:		
Tadhg O'Donoghue		
Táillí	63,487	63,487
Sochair Inchánacha	5,449	7,991
	68,936	**71,478**
An Príomhfheidhmeannach:		
Padraig McManus		
Tuarastal	346,134	296,574
Pá a bhaineann le feidhmíocht:		
- Bónas bliantúil	49,914	45,685
- Dreasacht fhadtéarmach	-	62,588
Sochair Inchánacha	25,233	24,801
Ranníocaíochtaí pinsin	56,446	35,305
Táillí	17,500	12,697
	495,227	**477,650**
Comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird:		
Joe LaCumbre *	2,116	12,697
Brendan Byrne	17,500	12,697
Eamonn Connolly *	17,500	12,697
Eoin Fahy	15,990	12,697
Seamus Mallon	14,983	-
Georgina Kenny	17,500	11,358
John McGinley *	17,500	12,697
Will McKee	17,500	12,697
Derry O'Donovan	17,500	12,697
Pat Smith *	17,500	12,697
Anne Taylor	-	4,232
	155,589	**117,166**

* Chomh maith leis na táillí Boird a íoctar leo, tá an ceathrar Oibrithe Comhalta Boird ina bhfostaithe arna n-íoc ag BSL.

LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ FEIDHMIÚCHÁIN AN BHOIRD

Is é an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Padraig McManus, an t-aon Chomhalta Feidhmiúcháin Boird atá ann. Socraítear an luach saothair don Phríomhfheidhmeannach taobh istigh de réimse a shocraíonn an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Socraíonn an Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta, ar a bhfuil triúr Comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin Boird, an luach saothair uair in aghaidh na bliana, taobh istigh den réimse sin, agus ceadaítear é ag cruinniú den Bhord.

Tá buntuarastal, bónas de réir feidhmíochta suas le 18% den bhuntuarastal bliantúil, íocaíochtaí faoi scéim dreasachta fadtéarmaí ar feach 3 bliana suas le 7%, agus carr de chuid na cuideachta in éineacht i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. As ucht an ról mar Chomhalta den Bhord, faigheann an Príomhfheidhmeannach táille arna shocrú ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha chomh maith. Ar bhonn an bhuntuarastail amháin a ríomhtar na sochair aoisliúntais don Phríomhfheidhmeannach ag féachaint le pinsean de aon ochtódú agus aisce de trí ochtódú den tuarastal in aghaidh gach bliain fónaimh mar Phríomhfheidhmeannach a sholáthar ag am scoir. Ba €5,592 agus €16,777 faoi seach, gan boilsciú san áireamh, na harduithe sa phinsean carnaithe agus san aisce charnaithe i rith na bliana. B'ionann iomlán an phinsin charnaithe i leith fhónaimh iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh faoi dheireadh na bliana agus €102,345 agus b'ionann iomlán na haisce carnaithe agus €307,036. B'ionann luach aistriúcháin an ardaithe ábhartha agus €40,158.

LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN AN BHOIRD

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 de réir fhorálacha an Achta sin. Bíonn páirt acu i scéim aoisliúntais BSL. Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin eile (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ní fhaigheann siadsan pinsin.

GNÓTHAS LEANTACH

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn ghnóthais leantaigh ós deimhin leis an mBord, tar éis dó na fiosrúcháin chuí a dhéanamh, go bhfuil dóthain acmhainní ag BSL chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre san am atá le teacht.

TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is é tuairim Chomhaltaí an Bhoird go bhfuil foireann chuntasaíochta leis an saineolas cuí fostaithe acu agus gur cuireadh acmhainní leordóthaineacha ar fáil don fheidhmeannas airgeadais d'fhonn cinntiú go gcomhlíontar dualgas BSL leabhair chuntais chuí a choimeád. Coimeádtar leabhair chuntais BSL ag Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

AN tACHT TOGHCHÁIN, 1997

Níor thug an Bord aon síntiús polaitíochta i rith na bliana.

FOCAL SCOIR

Cheadaigh an Bord an tuarascáil seo an 19 Aibreán 2007 le cur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Thar ceann an Bhoird

Tadhg O'Donoghue Cathaoirleach

Padraig McManus Príomhfheidhmeannach
19 Aibreán 2007

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as Tuarascáil agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a ullmhú.

Ceanglaítear ar Chomhaltaí an Bhoird faoi na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go 2004 ráitis airgeadais a ullmhú don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta do gach bliain airgeadais. De réir dlí cuideachta, arna feidhm leis i gcás BSL de bhua na Rialachán atá glactha chuige féin aige mar rialacháin rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, arna leasú leis an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004, rinne Comhaltaí an Bhoird cinneadh ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir CTAI AE arna nglacadh leo ag an AE agus rinne siad cinneadh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a ullmhú de réir CTAI AE arna nglacadh leo ag an AE arna gcur i bhfeidhm de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006.

De réir dlí agus CTAI arna nglacadh leo ag an AE ní foláir do ráitis airgeadais an Ghrúpa stádas airgeadais agus oibriú an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a léiriú go cothrom; forálann Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 i gcás ráiteas airgeadais mar sin gur tagairtí do léiriú fireannach cóir a bhaint amach iad na tagairtí sa chuid ghaolmhar den Acht sin.

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta araon ar leathanaigh 61 go 108 á n-ullmhú acu éilítear ar Chomhaltaí an Bhoird:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Grúpa agus an Mháthairchuideachta i mbun gnó.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád agus as pé céimeanna atá ar fáil dóibh go réasúnta a ghlacadh chun sócmhainní BSL agus a fhochuideachtaí a chosaint agus chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird

Tadhg O'Donoghue Cathaoirleach

Padraig McManus Príomhfheidhmeannach

19 Aibreán 2007

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL)

Inár n-iniúchóirí dúinn arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais, faoi Alt 7 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, tá iniúchóireacht déanta againn ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Mháthairchuideachta Bhord Soláthair an Leictreachais (na "ráitis airgeadais") don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 lena n-áirítear Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa, Cláir Chomhardaithe an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, Ráitis faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, Ráitis faoi Ioncam agus Chostais Aitheanta an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus nótaí a théann leo ar leathanaigh 61 go dtí 108. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sin de réir na bpolasaithe cuntasaíochta a leagtar amach iontu.

Is le stocshealbhóirí BSL amháin, ina chomhlacht dó, a dhéantar an tuarascáil seo de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990, agus feidhm leis i gcás BSL de thairbhe na Rialacháin atá glactha chuige féin aige mar rialacháin rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, arna leasú leis an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004. Rinneadh an obair iniúchóireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóireachta a lua le stocshealbhóirí BSL agus chun na críche sin amháin. Chomh fada is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith aon duine eile ach amháin BSL agus a chuid stocshealbhóirí, mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo againn nó as na tuairimí ar thángthas orthu.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus na nIniúchóirí faoi seach

Leagtar amach freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird maidir le Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006, mar a chuirtear i bhfeidhm leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go dtí 2004 agus leis na Caighdeáin Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (CTAI) arna nglacadh leo ag an AE sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 58.

Is é an fhreagracht atá orainne iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóirí (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaimid tuairisc daoibh maidir lenár dtuairim ar léiriú fíor, cóir de réir na CTAI arna nglacadh leo ag an AE atá sna ráitis airgeadais agus, i gcás na máthairchuideachta, ar cuireadh i bhfeidhm iad de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 arna gcur i bhfeidhm i gcás an Bhoird faoi na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, agus ar ullmhaíodh iad de réir fhorálacha na nAchtanna sin agus Alt 4 den Rialachán IAS. Tugaimid tuairisc chomh maith daoibh an ndearna, inár dtuairim: an Mháthairchuideachta leabhair chuntais a choimeád go cuí, an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a bheadh de dhíth chun críche na hiniúchóireachta a chur ar fáil dúinn, agus an bhfuil clár comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

Déanaimid athbhreithniú, ar iarratas ó Chomhaltaí an Bhoird, (1) ar léiriú an ráiteas deonach ar leathanaigh 50 go dtí 57 ar chomhlíonadh an Bhoird maidir le naoi bhforáil an Chóid Chomhdhéanta atá sonraithe d'fhonn a n-athbhreithniú ag iniúchóirí agus (2) ar léiriú an ráiteas ar an gcóras rialuithe inmheánaigh ar leathanaigh 54 agus 55 ar chomhlíonadh an Bhoird maidir le forálacha an Chóid Sárchleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit atá sonraithe d'fhonn a n-athbhreithniú ag iniúchóirí agus tuairiscímid murar léiriú ar an dá ní sin na ráitis. Níl dlite orainn breithniú a dhéanamh an dtagann gach riosca agus beart rialaithe faoi ráitis an Bhoird faoin gcóras rialaithe inmheánaigh ná tuairim a thabhairt faoi éifeachtúlacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an ghrúpa ná faoi éifeachtúlacht a nósanna imeachta maidir le riosca agus rialú.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas faoin rialachas corparáideach, agus déanaimid breithniú ar a fheabhas agus a thagann sin leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaimid a mbeadh i gceist dár dtuairisc dá dtabharfaimis faoi deara aon mhíráitis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais a mheas. Ní théann na freagrachtaí atá orainn chomh fada le haon eolas eile.

Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus eolas a nochtar sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne Comhaltaí an Bhoird agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do chás an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus i leith sheasmhacht an chur i bhfeidhm ar na polasaithe cuntasaíochta sin agus ar dhóthanacht an nochta.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach eolas agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht eile nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán an chur i láthair ar an bhfaisnéis sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

Tuairim

Is é ár dtuairim:

- gur léiriú fírinneach cóir iad ráitis airgeadais an Ghrúpa, de réir na CTAI arna nglacadh leo ag an AE, ar riocht chúrsaí an Ghrúpa mar a bhí an 31 Nollaig 2006 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an dáta céanna;
- gur léiriú fírinneach cóir de réir na CTAI arna nglacadh leo ag an AE, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 arna gcur i bhfeidhm i gcás an Bhoird faoi na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ar riocht chúrsaí na Máthairchuideachta mar a bhí an 31 Nollaig 2006; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir fhorálacha na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004 agus Alt 4 de Rialachán CCI.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid ba ghá chun críche na hiniúchóireachta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Máthairchuideachta. Tá clár chomhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Iniúchóirí Cláraithe
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

19 Aibreán 2007

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

1. Bonn Cuntasaíochta

Is corparáid reachtúil é BSL a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite BSL amhail ag an 31 Nollaig 2006 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 comhdhéanta den Chuideachta agus a fochuideachtaí (a dtagraítear dóibh le chéile mar BSL) agus leasanna an Ghrúpa in aonáin a ndéantar iad a chomhrialú.

Ullmhaítear ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite faoi CTAI (na Caighdeáin Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta) arna nglacadh ag an AE (AE CTAI) agus i gcás na Máthairchuideachta arna bhfeidhmiú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006. Foráiltear, in Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006, do dhíolúine a thabhairt do mháthairchuideachta, a chuireann a ráitis airgeadais aonair i láthair i dteannta a ráiteas airgeadais comhdhlúite, as ráiteas ioncaim aonáin a fhoilsiú atá mar chuid de ráitis airgeadais na máthairchuideachta a ullmhaítear agus a cheadaítear de réir na nAchtanna. Ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán CTAI sin agus léirmhínithe CTAI arna n-eisiúint le héifeacht an 31 Nollaig 2006.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin ráitis airgeadais díorthaigh a thomhastar ag luach cóir.

Ullmhaítear ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite i Euro, arb ionann é agus airgeadra feidhmiúil na Cuideachta. Tá gach eolas airgeadais a chuirtear i láthair i euro tugtha go dtí an míle is gaire.

Éilítear ar an mbainistíocht agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir CTAI AE breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus glacadh le boinn tuisceana a théann i gcion ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais, ioncam agus costais. Bíonn meastacháin agus boinn tuisceana bunaithe ar thaithí na linne atá caite agus ar thoscaí éagsúla a meastar réasún a bheith leo de réir chuinsí an cháis.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na meastacháin agus ar na tuiscintí is bonn leo sin. Pléitear breithiúnais a dhéanann an bhainistíocht agus CTAI AE á chur i bhfeidhm a mbíonn éifeacht shuntasach acu ar na ráitis airgeadais agus meastacháin a bhfuil baol suntasach ag rith leo go mbeadh coigeartú ábhartha á dhéanamh maidir leo sa bhliain dar gcionn i Nóta 30 leis na ráitis airgeadais

Cuireadh na polasaithe a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhleanúnach ar na blianta go léir a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus cuireann aonáin an Ghrúpa i bhfeidhm go comhleanúnach iad.

2. Bonn Comhdhlúite

Déantar ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus gach gnóthas fochuideachta arna ríomh go dtí an 31 Nollaig 2006 i ráitis airgeadais an Ghrúpa. Tugtar torthaí ghnóthais fhochuideachta a ndéantar éadáil nó diúscairt orthu le linn na tréimhse san áireamh sa Ráiteas Ioncaim comhdhlúite anonn ó dháta na héadála nó anall go dtí dáta na diúscartha. Déantar amach ráitis airgeadais na ngnóthas fochuideachta ar fad go dtí an 31 Nollaig 2006.

Fochuideachaí

Is ionann fochuideachtaí agus aonáin faoi rialú BSL. Bítear faoi rialú BSL nuair atá de chumhacht, go díreach nó go hindíreach, ag BSL, polasaithe airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú ionas go bhfaigheann BSL buntáiste óna ghníomhaíochtaí. Tugtar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a dtagtar faoin rialú anonn go dtí an dáta ar a dtagann deireadh leis an rialú.

Comhfhiontar agus Gnóthais Gaolmhara

Is ionann gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) agus na comhfhiontair sin a n-oibríonn BSL rialú de réir chonartha orthu i gcomhar le páirtí eile. Aithnítear infheistíochtaí na máthairchuideachta i bhfochuideachtaí ag costas ina clár comhardaithe.

Déantar an chuntasaíocht maidir le comhfhiontair trí mhodh cuntasaíochta an chothromais. Tugtar sciar an Ghrúpa de bhrabús iarchánachais na gcomhfhiontar san áireamh sa Ráiteas Ioncaim comhdhlúite tar éis soláthar don ús agus do mhuirir airgeadais. Tugtar leas an Ghrúpa maidir lena chuid sócmhainní nó lena chuid dliteanas glan san áireamh mar infheistíocht i gcomhfhiontair ar an gclár comhardaithe comhdhlúite de réir suime a léiríonn sciar an Ghrúpa de luachanna córa na sócmhainní glan, lúide aon dochar, ar a n-éadáil móide cáilmheas agus sciar an Ghrúpa den ioncam agus de na costais coinnithe iaréadála.

Ríomhtar na suimeanna sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i leith thorthaí iaréadála chomhfhiontair ó na ráitis airgeadais iniúchta is deireanaí dá gcuid arna dtabhairt i leith go dáta an chláir chomhardaithe.

3. Cáilmheas agus Sócmhainní Neamh-inláimhsithe

(a) Cáilmheas

Is ionann cáilmheas agus farasbarr comaoine a d'íocfaí ar ghnó a éadáil i gcomparáid leis an luach cóir ar na sócmhainní, dliteanais agus dliteanais teagmhasacha indeimhnithe a fhaightear. Déantar cáilmheas a thástáil uair in aghaidh na bliana maidir le lagú agus áirítear mar shócmhainn é ar a chostas lúide caillteanais lagaithe fabhraithe. Tugtar cáilmheas ar éadáil de chuid chomhlaigh agus chomhfhiontair san áireamh leis na sócmhainní neamhreatha faoi infheistíochtaí i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair.

(b) Bogearraí ríomhaireachta

Déantar caipitliú ar cheadúnais bhogearraí ríomhaireachta a fhaightear ar bhunús na gcostas a dtéitear iontu chun an bogearra faoi leith a fháil agus a chur in úsáid. Amúchtar na costais sin ar feadh a saolré fónaimh (idir trí bliana agus cúig bhliana) ar bhonn dronlíne.

Aithnítear costais a bhaineann go díreach le táirgí bogearra so-aitheanta ar leith faoi rialú an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar dócha go mbeidh buntáistí eacnamaíochta leo is mó ná na costais tráth is faide anonn ná bliain amháin ina sócmhainní neamh-inláimhsithe. Áirítear ar na costais díreacha costas an bhogearra a fhorbairt, fostaithe agus sciar oiriúnach de na barrchostais ábhartha. Amúchtar na costais sin ar feadh a saolré fónaimh (idir trí bliana agus cúig bhliana) ar bhonn dronlíne.

(c) Liúntais astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim trádáil astaíochtasí CO_2 na hEorpa, deonaíonn an Ghníomhaireacht Rialtais cuí liúntais astaíochtaí maidir le céatadán de na hastaíochtaí tuartha i rith na bliana do BSL ag tús na bliana.

Déantar liúntais astaíochtaí a eisítear le BSL a thaifeadadh mar shócmhainní neamh-inláimhsithe ar luach an mhargaidh ar dháta na heisiúna. Ag an dáta sin, déantar na liúntais a thaifeadadh mar dheontas rialtais san ioncam iarchurtha, ar luach céanna an mhargaidh agus na sócmhainní neamh-inláimhsithe agus déantar iad a amhúchadh go dtí an Ráiteas Ioncaim ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhír i rith na bliana.

De réir mar a tharlaíonn astaíochtaí, déantar soláthar sa Ráiteas Ioncaim a thaifeadadh mar léiriú ar an tsuim is gá chun an dliteanas don Údarás a shásamh. Tabharfar san áireamh leis an soláthar sin luach carraeireachta na liúntais astaíochtaí a eisíodh chomh maith le luach reatha an mhargaidh ar aon liúntais bhreise ba ghá chun an dualgas a chomhlíonadh. Cuirtear na liúntais sin, maraon le haon liúntais bhreise a cheannaítear i rith na bliana, ar ais chuig an Údarás cuí atá i mbun na scéime taobh istigh de cheithre mhí ó dheireadh bhliain na féilire ionas go sásaítear an dliteanas maidir le astaíochtaí CO_2 iarbhír i rith na bliana. Ní dhéantar liúntais astaíochtaí arna sealbhú ina sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh óir is don réiteach sa bhliain dar gcionn a choinnítear iad.

4. Airgeadra Eachtrach

Déantar idirbheartaíochtaí in airgeadra eachtrach a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn i réim ar na dátaí sin a ndéantar na hidirbheartaíochtaí. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais dá thoradh sin de réir an ráta atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe agus déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe sa Ráiteas Ioncaim. Luaitear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadais ar a gcostas stairiúil agus ní dhéantar ath-aistriú ina dhiaidh sin orthu.

Déantar aonáin an Ghrúpa a mheas de réir airgeadra na feidhme acu agus cuirtear an comhdhlúthú i láthair san airgeadra tuairiscíochta, an euro. Aistrítear infheistíochtaí glan an Ghrúpa i ngnóthais fhochuideachta, comhfhiontair, comhlaigh thar lear agus an cáilmheas a théann leo de réir an ráta atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. Aistrítear brabúis, caillteanais, sreabhadh airgid ghnóthais fhochuideachta, chomhfhiontair agus chomhlaigh ag na meánrátaí don tréimhse. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe de thoradh athaistrithe ar na cláir chomhardaithe tosaigh ag gnóthais fhochuideachta, chomhfhiontair agus chomhlaigh thar lear de réir na rátaí deiridh chomh maith leis na difríochtaí ar aistriú na Ráitis Ioncaim trí ghné ar leith den chothromas (cúlchiste aistrithe) agus léirítear sin sa ráiteas faoi ioncam agus costais aitheanta. Scaoiltear difríochtaí aistrithe a choinnítear sa chúlchiste sin go dtí an Ráiteas Ioncaim ar dhiúscairt an aonáin ábhartha.

Tugtar difríochtaí malartaithe a eascraíonn ó aistriú ar infheistíocht in oibríochtaí coimhthíocha agus ar iasachtaí gaolmhara san áireamh sa chúlchiste aistrithe. Scaoiltear go dtí an ráiteas ioncaim iad ar a ndiúscairt.

5. Maoin, Innealra agus Trealamh agus Dímheas

Luaitear maoin, innealra agus trealamh ar a chostas lúide dímheas fabhraithe agus soláthar do lagú ar an luach, ach amháin i gcás talún a luaitear ar a luach lúide lagú. Tugtar san áireamh le maoin, innealra agus trealamh costais fostaithe, úis agus eile arna gcaipitliú, atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne. Ríomhtar an muirear dímheasa d'fhonn díscríobh a dhéanamh ar chostas maoine, innealra agus trealaimh go dtí an costas iarmharach measta i rith an saolré fónaimh measta trí mhodhanna cuí i bhfianaise chineál an ghnó ag an nGrúpa agus cineál agus réimse na maoine, an innealra agus an trealaimh. Seo a leanas na mór-ranganna sócmhainne agus an saolré a chuirtear leo:

Fearas Giniúna agus Struchtúir Stáisiúin Theirmigh	20 bliain
Fearas agus Struchtúir Dáiliúcháin	25/30 bliain
Fearas agus Struchtúir Tarchuradóireachta	30 bliain
Foirgnimh Ghinearálta agus Stáisiúin Hidrileictreachais	50 bliain

Déantar soláthar don dímheas:

- De réir mhodh dronlíne i gcás Sócmhainní Tarchuradóireachta, Dáiliúcháin agus Ginearálta.
- Ar bhonn na húsáide thuartha a mheastar i gcás Aonaid Ghiniúna.
- Ó dháta a gcoimisiúnaithe i gcás na sócmhainní ar fad.

Déantar athbhreithniú go bliantúil ar rátaí dímheasa agus ar luachanna iarmharacha.

Tugtar caiteachas dá éis sin ar mhaoin, innealra agus trealamh san áireamh le suim charraeireachta na sócmhainne nó aithnítear ina shócmhainn ar leith é, mar is cuí, sa chás amháin gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus don Chuideachta agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar chostas na sócmhainne. Cuirtear gach deisiú agus cothabháil eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim i rith na tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad. Tá páirteanna breise do stáisiúin chumhachta san áireamh i maoin, innealra agus trealamh. Tá stoc caipitil i ngnó an Ghréasáin san áireamh le sócmhainní atá á dtógáil.

6. Costais Iasachtaí

Cuirtear costais iasachtaí is féidir a chur i leith na tógála ar shócmhainní móra, a mbíonn tréimhse fhada i gceist le riachtanas lena n-ullmhú don úsáid a cheaptar dóibh, le costas na sócmhainní sin de réir mheánchostas ualaithe na n-iasachtaí go dtí an tráth a mbíonn na sócmhainní ullamh a bheag nó a mhór chun na húsáide dár ceapadh iad. Aithnítear gach costas iasachta eile sa Ráiteas Ioncaim i rith na tréimhse inar tabhaíodh iad. Is ionann an ráta caipitlithe a chuirtear i bhfeidhm agus meánchostas an fhiachais atá ag seasamh amach ag BSL.

7. Lagú Sócmhainní

Ní thagann sócmhainní nach deimhin an saolré fónaimh acu faoi réir ag amúchadh agus déantar tástáil bhliantúil orthu maidir le lagú. Déantar tástáil maidir le lagú i gcás shócmhainní a dtagann dímheas agus amúchadh i gceist leo aon uair a fhágann imeachtaí nó athruithe le tuiscint nach mbeadh an tsuim charraeireachta in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe mar an tsuim a sháraíonn luach carraeireachta sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach is airde ar an tsócmhainn idir luach cóir lúide costais díolacháin agus an luach le linn fónaimh. Chun críche measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle ar léir sreabhadh airgid ar leith maidir leo (aonaid shaothrú airgid).

8. Fardail

Luaitear fardail ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú. Bunaítear an luach inréadaithe glan ar ghnáthphraghas díolta lúide costais bhreise ar dócha go rachfar iontu sula ndéantar an diúscairt.

Déantar soláthar maidir le hítimí atá damáistitihe, meata, i léig agus ó mhaith de réir mar is cuí.

9. Ionstraimí Airgeadais

(a) Ionstraimí Airgeadais Neamh-Dhíorthaigh

Nithe infhaighte trádála agus eile

Aithnítear nithe infhaighte trádála agus eile i dtús báire ag luach cóir, arb ionann é de ghnáth ar an tsuim bhunaidh a bhí ar sonrasc agus luaitear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtúil lúide soláthar a dhéantar do nithe infhaighte amhrasacha.

Déantar soláthairtí go sonrach i gcás a mbíonn fianaise oibiachtúil ann maidir le díospóid nó éagumas íocaíocht a dhéanamh. Déantar soláthar breise bunaithe ar anailís a dhéanamh ar iarmhéideanna de réir aoise agus caillteanas roimhe seo.

Airgead agus Coibhéisí Airgid
Chun críche an ráitis faoi shreabhadh airgid, áirítear le hairgead agus coibhéis airgid airgead ar láimh, taiscí in-aisíoctha ar a n-iarraidh agus infheistíochtaí sárleachtacha gearrthéarmacha eile le céadaibíocht faoi cheann ráithe nó níos giorra, lúide rótharraingtí atá le híoc ar a iarraidh.

Nithe iníoctha trádála agus eile
Ní bhíonn nithe iníoctha trádála agus eile faoi ualach úis agus luaitear ag a luach ainmniúil iad.

Iasachtaí chuig Cuideachtaí Grúpa agus nithe infhaighte uathu
Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthaigh iad iasachtaí chuig agus nithe infhaighte ó chuideachtaí Grúpa nach luaitear i margadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad sa chlár comhardaithe le sócmhainní reatha, seachas iad sin a bhfuil aibíocht níos faide ná dhá mhí dhéag tar éis dáta an chláir chomhardaithe i gceist leo, a chuirtear san áireamh le sócmhainní neamhreatha. Cuirtear iasachtaí agus nithe infhaighte san áireamh laistigh de nithe infhaighte trádála agus eile i gclár comhardaithe na máthairchuideachta agus luaitear ag luach cóir i dtús báire iad agus ag costas amúchta ina dhiaidh sin.

(b) Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh
Baineann an Grúpa leas as ionstraimí airgeadais díorthaigh chun fálú a dhéanamh ar an nochtadh atá ann dó ó bhaoil mhalairte eachtraí agus rátaí úis de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta.

Tá figiúirí 2005 agus 2006 ag teacht le CCI 39 trína n-éilítear go dtugtar gach díorthach san áireamh ar a luach cóir sa chlár comhardaithe ag deireadh na tréimhse. Ní shealbhaíonn ná ní eisíonn an Grúpa ionstraimí díorthaigh chun críche trádála. Ina dhiaidh sin féin, déantar cuntasaíocht maidir le díorthaigh nach dtagann faoi chuntasaíocht fhálaithe mar a bheidís ina n-ionstraimí trádála.

Iontrálann an Grúpa conarthaí tráchtearraí le linn gnáthghnó. I gcásanna faoi leith, ba chóir conarthaí den sórt sin a rangú mar ionstraimí airgeadais faoi CCI 39. Mar sin féin, ós rud é go n-iontráiltear sna conarthaí sin chun riachtanais úsáide breosla an Ghrúpa a shásamh, ní dhéileáiltear leo mar ionstraimí airgeadais.

Is ar a luach cóir a aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh don chéad uair. Aithnítear na hionstraimí sin ina dhiaidh sin ar a luach cóir. Aithnítear gluaiseachtaí sa luach cóir i rith na bliana airgeadais ar dhíorthaigh arna sealbhú d'fhonn trádála i Ráiteas Ioncaim na bliana sin.

Dí-aithnítear ionstraimí airgeadais nuair a réitítear nó nuair a dhíoltar iad.

(c) Fálú

(i) Fálú maidir le luach cóir
Sa chás go ndéanann ionstraim díorthaigh fálú maidir le hathruithe ar luach cóir shócmhainne nó dhliteanais aitheanta, aithnítear aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim fálaithe sa Ráiteas Ioncaim. Luaitear an mhír a bhfuiltear ag déanamh fálú uirthi chomh maith ar a luach cóir maidir leis an mbaol a bhfuiltear ag déanamh fálú air, agus luaitear aon ghnóthachan nó caillteanas sa Ráiteas Ioncaim. Chomh fada agus go mbíonn an fálú éifeachtúil, ní bheidh aon tionchar glan ar an Ráiteas Ioncaim i gceist.

(ii) Fálú maidir le sreabhadh airgid
Sa chás go ndeimhnítear ionstraim airgeadais a bheith ina fhálú ar aithraitheas i sreabhadh airgid dhliteanais aitheanta, thiomantais dhaingin nó idirbheartaíocht thuartha rí-dhóichí, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go díreach sa chothromas. Sa chás go dtarlaíonn aithint shócmhainne nó dhliteanais de thoradh ar an tiomantas daingean nó ar an idirbheartaíocht thuartha, baintear an gnóthachan nó an caillteanas fabhraithe as an gcothromas agus cuirtear san áireamh é sa mheastóireacht tosaigh ar an tsócmhainn nó ar an ndliteanas. Taobh amuigh den chás sin, baintear an gnóthachan nó an caillteanas fabhraithe as an gcothromas agus luaitear sa Ráiteas Ioncaim é ag an am céanna leis an mbeart a ndearnadh fálú air. Aithnítear an chuid d'aon ghnóthachan nó caillteanas nach bhfuil éifeachtúil sa Ráiteas Ioncaim gan mhoill.

Nuair a dhéantar foirceannadh ar ionstraim fálaithe nó ar choibhéis fálaithe ach i gceist go dtarlódh an idirbheartaíocht a ndearnadh an fálú uirthi ina dhiaidh sin, fanann an gnóthachan nó caillteanas fabhraithe ag an am sin sa chothromas agus aithnítear é de réir an pholasaithe thuas nuair a tharlaíonn an idirbheartaíocht. Sa chás nach dócha feasta go dtarlóidh an idirbheartaíocht a ndearnadh fálú uirthi, aithnítear sa Ráiteas Ioncaim gan mhoill an gnóthachan nó caillteanas neamhréadaithe a aithníodh sa chothromas.

(iii) Fálú ar infheistíocht glan in aonán thar lear

Sa chás go bhfuil dliteanas mhalairte eachtraí ag déanamh fálú ar infheistíocht glan i ngnóthas thar lear, aithnítear difríochtaí mhalairte eachtraí a eascraíonn ó aistriú an dliteanais sa chothromas díreach agus cuirtear chuig an gcúlchiste aistrithe iad.

(d) Iasachtaí faoi ualach úis

Is ar an luach cóir lúide costais idirbheartaíochta inchurtha ina leith a aithnítear iasachtaí faoi ualach úis don chéad uair. Tar éis iad a aithint don chéad uair, aithnítear na hiasachtaí sin ar an gcostas amúchta de réir mhodh an ráta úis éifeachtúil.

(e) Conarthaí árachais

I rith ghnáthghnó, tugann ESBI ráthaíochtaí agus bannaí na Máthairchuideachta i leith a chuid fochuidechtaí. Rangaítear na ráthaíochtaí agus na bannaí seo mar chonarthaí árachais faoi CTAI 4. Sa chás go meastar nach ndéanfar aon éileamh ar na conarthaí sin, ní nochtar aon luach sna cuntais.

10. Sócmhainní Léasáilte

Is léasanna airgeadais iad na léasanna faoina nglacann an Grúpa a bheag nó a mhór le gach baol agus buntáiste as an seilbh, agus is léasanna oibriúcháin iad na léasanna ina bhfanann na baoil agus na buntáistí sin as seilbh leis an léasóir.

Tugtar sócmhainní neamhreatha a fhaightear faoi léasanna airgeadais sa chlár comhardaithe ar a luach coibhéiseach caipitil agus déantar dímheas ina leith thar an tréimhse is giorra idir téarma an léasa agus an saolré fónaimh a cheaptar leo. Déantar na dliteanais chomhfhreagracha a thaifeadadh dá réir mar léas airgeadais iníoctha agus cuirtear gné an úis de na híocaíochta léas airgeadais de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim ar bhonn blianachta. Cuirtear léaschíosanna oibriúcháin de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa.

11. Ranníocaíochtaí Soláthair Neamh-inaisíoctha agus Deontais Chaipitil

Déantar ranníocaíochtaí soláthair neamh-aisíoctha agus deontais chaipitil a fhaightear a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear go dtí an Ráiteas Ioncaim é ar bhonn a thagann leis an bpolasaí dímheasa i leith na sócmhainní ábhartha.

12. Cúlchiste maidir le Stoc Iasachta a Athcheannach

Ceadaítear don Bhord faoi Alt 5 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 1982 na suimeanna a mheasann sé a bheith oiriúnach a chur i leith aisíocaíochta ar iasachtaí. Déantar na suimeanna sin a leithreasú go dtí an cúlchiste fiachmhúchta, ag teacht leis an Acht, trí aistriú ó thuillimh choinnithe.

13. Stoc Caipitil

Déantar aonaid stoc caipitil a luacháil ag an bpraghas ar eisíodh iad chuig an Roinn Airgeadais agus an ESB ESOP Trustee Limited.

14. Cáin Ioncaim

Tá cáin reatha agus cáin iarchurtha sa cháin ioncaim ar bhrabús nó caillteanas na bliana. Aithnítear cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sé le míreanna arna n-aithint go díreach sa chothromas. Soláthraítear do cháin ioncaim ar na rátaí reatha arna ríomh ar bhonn thorthaí na tréimhse agus an faoiseamh déantúsaíochta á chur san áireamh nuair is cuí. Ní thugtar cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabúis ghnóthais fochuideachta san áireamh le muirear an chánachais sa Ráiteas Ioncaim ó tá sin san áireamh sa líne ar leithligh ar chlár an Ráiteas Ioncaim maidir le brabús ó chomhfhiontair.

Soláthraítear do cháin iarchurtha le modh an dhliteanais sa chlár comhardaithe, ag déanamh soláthair maidir le difríochtaí sealadacha idir suimeanna carraeireachta na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairisceoireachta airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críche cánachais.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach chomh fada agus a mheasann an Bord gur dóichí ná a mhalairt go dtarlóidh brabúis chuí inchánachais ar féidir iompú na ndifríochtaí sealadacha is bun leo droim ar ais san am atá ag teacht a asbhaint.

Meastar cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach a mheastar a bheidh i réim an tráth a dtagann difríochtaí trátha ar a n-ais, arna mbunú ar rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó rite a bheag nó a mhór ar dháta an chláir chomhardaithe.

15. Soláthair maidir le Dúnadh Stáisiún Giniúna

Is ionann an soláthar maidir le dúnadh stáisiúin ghineadóireachta agus an luach reatha ar an meastachán reatha ar chostais dhúnta stáisiún ag deireadh a saolré fónaimh.

Aithnítear na costais mheasta maidir le stáisiúin a dhúnadh ina n-iomláine ag tús ré na sócmhainne, ach déantar lascainiú orthu go dtí luachanna reatha ar ráta saor ó bhaol. Déantar caipitliú ar chostas na stáisiúin a bhaint ó chéile i maoin, innealra agus trealamh agus déantar dímheas ina leith ar feadh saolré fónaimh eacnamaíocht na stáisiún lena mbaineann siad. Cuirtear na costais chun sochair soláthair de réir mar a dhéantar iad a chaipitliú. Ó tharla go ndéantar caipitliú ar na costais agus go ndéantar soláthar dóibh ar bhonn lascainithe ar dtús, ní mór cur leis an soláthar le muirear airgeadais i ngach tréimhse, arna ríomh de réir iarmhéid an tsoláthair agus arna thabhairt san áireamh sa Ráiteas Ioncaim. Ar an gcaoi seo, tiocfaidh an soláthar leis na costais mheasta maidir le dúnadh stáisiún ag deireadh a saolré fónaimh eacnamaíochta. Cuirtear an caiteachas iarbhír in aghaidh an tsoláthair de réir mar a dhúntar stáisiúin.

Tugtar an soláthar do chostais dhúnadh stáisiúin san áireamh leis na soláthair ghearrthéarmacha agus na soláthair fhadtéarmacha ar an gClár Comhardaithe de réir mar is cuí.

16. Ioncam

(a) Ioncam Leictreachais

Tá ioncam comhdhéanta de ghlandíolacháin leictreachais agus earraí agus seirbhísí eile le custaiméirí lasmuigh den Ghrúpa agus ní bhíonn cáin bhreisluacha san áireamh leis. Tugtar luach na n-aonad a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir dháta léamh an mhéadair go deiridh agus deireadh na tréimhse san áireamh leis an ioncam leictreachais agus luaitear an meastachán sin fhéichiúnaithe mar 'thomhaltóireacht gan bille'.

Aithnítear ioncam leictreachais ar thomhaltóireacht leictreachais.

(b) Ioncam Conarthaí

Aithnítear Ioncam Conarthaí ar bhonn cionranna ama trí thagairt don chéim a gcuirfear an conradh i gcrích ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

17. Ioncam Oibríúcháin Eile

Liúntais Astaíochtaí

Amúchtar liúntais astaíochtaí chuig an Ráiteas Ioncaim ar bhonn astaíochtaí iarbhír i rith na bliana.

18. Brabús ar Mhaoin a Dhiúscairt

Cinntear an brabús a thagann chun cinn ó mhír maoine a dhí-aithint mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha, más ann, agus suim carraeireachta na míre.

19. Costais

(a) Costais Fuinnimh

Tá Costais Fuinnimh comhdhéanta de bhreosla díreach, (gual, ola & gás go príomha) leictreachas ceannaithe. Aithnítear costais a bhaineann le breosla agus le leictreachas ceannaithe de réir mar a thagann siad chun cinn.

(b) Costais Oibriúcháin agus Costais Chothabhála Eile

Baineann costais oibriúchain agus costais chothabhála eile go príomha le costais forchóirithe & tionscadail, costais chonraitheoirí agus costais bhunaithe. Aithnítear na costais sa Ráiteas Ioncaim de réir mar a thagann siad chun cinn.

20. Sochair Fhostaithe

Dualgais Phinsin

Tá scéim phinsin shochair shainithe agus scéim phinsin ranníocaíochtaí sainithe ag an nGrúpa.

Scéim Phinsin Shochair Shainithe
Déanann achtúirí neamhspleácha ríomh uair sa bhliain ar an dualgas sochair shainithe leis an modh chreidmheas aonaid teilgthe.

Aithnítear an costas seirbhíse reatha, an costas úis agus an toradh measta ar shócmhainní an phlean ar chuid den chostas shochair fhostaithe i Ráiteas Ioncaim na bliana ina dtarlaíonn siad. Aithnítear costais sheirbhíse stairiúil gan mhoill sa Ráiteas Ioncaim, mura mbíonn de choinníoll leis na hathruithe sa scéim phinsin go bhfanfadh na fostaithe ag fónamh go ceann tréimhse áirithe (an tréimhse dílsithe). Sa chás sin, déantar amúchadh ar chostais sheirbhíse stairiúil ar bhonn dronlíne ar feadh na tréimhse dílsithe. Cuirtear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha charntha a eascraíonn ó choigeartuithe ceannaithe agus athruithe ar bhonn tuisceana an achtúire is mó ná an tsuim is mó idir 10% de luach shócmhainní an phlean nó 10% den dualgas shochair shainithe i leith ioncaim ar feadh meánmheastachán fhuílleach saol oibre na bhfostaithe reatha.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir leis an scéim shochair shainithe agus luach reatha an dualgais shochair shainithe ar dháta an chláir chomhardaithe lúide luach cóir shócmhainní an phlean, chomh maith le coigeartuithe maidir le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha neamhshonraithe agus costais sheirbhíse stairiúil. Ríomhtar luach reatha an dualgais shochair shainithe trí lascainiú a dhéanamh ar eis-sreabhadh airgid measta don am atá ag teacht ag úsáid rátaí úis bhannaí corparáide ardchaighdeáin arna n-ainmniú san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarma go ceann aibíochta ag baint leo a thagann a bheag nó a mhór le téarmaí an dliteanais phinsin atá i gceist leis.

Scéim Phinsin Ranníocaíochtaí Sainithe
Níl aon dualgas ar an nGrúpa maidir le breis íocaíochta i gcás na scéime ranníocaíochtaí sainithe ó dhéantar na ranníocaíochtaí. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostais shochair fhostaithe sa ráiteas ioncaim ó cuireann an fostaí seirbhís ar fáil.

21. Sochair Fostaithe

Sochair Scoir Dheonaigh
Bíonn sochair scoir dheonaigh le híoc faoi chomhaontú trí pháirtí idir Bord BSL, Grúpa na gCeardchumann agus an Rialtas nuair a ghlacann fostaí le hiomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair seo. Aithníonn an Grúpa sochair scoir nuair atá sé tiomanta go soiléir maidir le sochair scoir a chur ar fáil de bharr thairiscint ar iomarcaíocht dheonach a rinneadh leis na fostaithe agus ar ghlac na fostaithe sin leis. Déantar lascainiú go dtí luach na linne seo ar shochair nach mbeidh dlite go dtí tráth is faide ná 12 mí ó dháta an chláir chomhardaithe.

22. Caighdeáin Chuntasaíochta agus Fógraí Nua
Tá roinnt caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe nach bhfuil feidhm fós leo don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú:

CTAI 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtadh agus Leasú ar CCI 1 Ráitis Airgeadais a Chur i Láthair: Éilítear le **Nochtadh Caipitil** nochtadh forleathan faoi thábhacht ionstraimí airgeadais maidir le seasamh agus feidhmíocht airgeadais aonáin agus éilítear nochtadh cáilíochtúil agus cainníochtúil maidir le rioscaí, ar an gcineál agus ar cé chomh mór is atá siad. Éileofar, trí CTAI 7 agus an CCI 1 leasaithe, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2007 an Ghrúpa, nochtadh breise i ndáil le hionstraimí airgeadais agus stoc caipitil an Ghrúpa.

Le **IFRIC 7 Cur chuige an Athráitis a fheidhmiú faoi CCI 29 Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair For-Bhoilscitheacha**, tugtar aghaidh ar fheidhmiú CCI 29 nuair a éiríonn geilleagar for-bhoilscitheach don chéad uair agus i gcuntasaíocht do cháin iarchurtha go háirithe. Ní mheastar go mbeidh aon tionchar ag IFRIC 7, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2007 an Ghrúpa ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Le **IFRIC 8 Scóip Íocaíochta Scair-bhunaithe CTAI 2**, tugtar aghaidh ar an gcuntasaíocht d'idirbheartaíochtaí íocaíochta scair-bhunaithe áit nach féidir cuid de na hearraí nó seirbhísí a fhaightear, nó iad go léir, a aithint go sonrach. Ní mheastar go mbeidh aon tionchar ag IFRIC 8, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2007 an Ghrúpa ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Éilítear le **IFRIC 9 Athmheasúnú ar Dhíorthaigh Neadaithe**, go ndéanfaí athmheasúnú maidir lenar chóir díorthach neadaithe a scaradh ón gconradh óstach bunúsach nuair a dhéantar athruithe ar an gconradh agus sin amháin. Ní mheastar go mbeidh aon tionchar ag IFRIC 9, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2007 an Ghrúpa ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Le **IFRIC 10 Tuairisciú Airgeadais Eatramhach agus Lagú**, déantar freaschur lagaithe a aithníodh i dtréimse eatramhach roimhe seo i ndáil le cáilmheas, infheistiú in ionstraim chothromais nó sócmhainn airgeadais a iompar ag costas a thoirmeasc. Ní mheastar go mbeidh aon tionchar ag IFRIC 10, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2007 an Ghrúpa ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Ioncam	1	**3,087,504**	2,756,213
Ioncam oibriúcháin eile	3	**308,500**	185,933
Costais oibriúcháin	4	**(3,134,844)**	(2,694,517)
Brabús oibriúcháin		**261,160**	247,629
Brabús ar mhaoin a dhiúscairt	2	**75,372**	51,928
Costas úis agus táillí airgeadais eile	5	**(93,151)**	(93,299)
Ioncam Úis	5	**927**	2,789
Glanchostais úis agus táillí airgeadais eile		**(92,224)**	(90,510)
Sciar de bhrabús oibriúcháin chomhfhiontair	12	**19,674**	31,294
Brabús roimh chánachas		**263,982**	240,341
Cáin ioncaim (costas)/creidmheas	7	**(41,364)**	957
Brabús tar éis cánachais	18	**222,618**	241,298
Inchurtha i leith:			
Sealbhóirí Cothromais sa Mháthairchuideachta	18	**222,468**	241,189
Leasanna mionlaigh - cothromas	18	**150**	109
Brabús don bhliain airgeadais	18	**222,618**	241,298

Sínithe: **Tadhg O'Donoghue** Cathaoirleach

Sínithe: **Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach
Sínithe: **Bernard Byrne** Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa
19 Aibreán 2007

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

Mar a bhí an 31 Nollaig 2006

	Notaí	2006 €'000	2005 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoin, innealra agus trealamh	9	**6,000,493**	5,563,626
Sócmhainní Neamhinláimhsithe	10	**383,999**	246,611
Maoin infheistíochta	11	**260**	280
Infheistíochtaí i gcomhfhiontair	12	**30,418**	40,845
Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais	12	**11,164**	3,083
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	20	**1,926**	3,232
Sócmhainní cánach iarchurtha	21	**72,000**	81,294
Iomlán sócmhainní neamhreatha		**6,500,460**	5,938,971
Sócmhainní Reatha			
Fardail	13	**150,822**	246,612
Nithe infhaighte trádála agus eile	14	**603,412**	607,763
Infheistíochtaí	15	**79**	78
Airgead agus Coibhéisí Airgid	16	**37,733**	66,949
Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh	20	**899**	63
Sócmhainní ar láimh d'fhonn a n-athdhíolta	17	**1,407**	9,924
Iomlán sócmhainní reatha		**794,352**	931,389
Iomlán sócmhainní		**7,294,812**	6,870,360
COTHROMAS			
Stoc caipitil	18	**1,979,882**	1,979,882
Cúlchiste d'athcheannach stoc iasachta	18	**-**	3,011
Cúlchiste aistrithe	18	**5,025**	2,489
Fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí eile	18	**(48,235)**	(96,267)
Tuilleamh coinnithe	18	**798,187**	645,097
Cothromas inchurtha i leith sealbhóirí na Máthairchuideachta		**2,734,859**	2,534,212
Leasanna mionlaigh	18	**729**	962
Cothromas Iomlán		**2,735,588**	2,535,174
DLITEANAIS			
Dliteanais neamhreatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	19	**1,819,356**	1,790,474
Dliteanais pinsin	22	**327,762**	339,176
Sochair a bhaineann le fostaithe	23	**127,763**	130,960
Nithe iníoctha trádála agus eile	24	**42,552**	47,171
Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais	25	**490,548**	377,249
Soláthairtí	26	**283,719**	289,938
Dliteanais chánach iarchurtha	21	**310,225**	298,339
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	20	**146,015**	100,287
Iomlán na ndliteanas neamhreatha		**3,547,940**	3,373,594
Dliteanais reatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	19	**178,588**	123,100
Sochair a bhaineann le fostaithe	23	**64,564**	57,092
Nithe iníoctha trádála agus eile	24	**484,185**	550,651
Soláthairtí	26	**266,558**	212,717
Dliteanais chánachais reatha	27	**17,213**	17,592
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	20	**175**	440
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,011,284**	961,592
Iomlán na ndliteanas		**4,559,224**	4,335,186
Iomlán na gcothromas agus na ndliteanas		**7,294,812**	6,870,360

Sínithe: **Tadhg O'Donoghue** Cathaoirleach

Sínithe: **Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach
Sínithe: **Bernard Byrne** Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa
19 Aibreán 2007

Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta

Mar a bhí an 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 € '000	2005 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoin, innealra agus trealamh	9	**5,654,999**	5,193,513
Sócmhainní neamhinláimhsithe	10	**353,769**	237,916
Maoin infheistíochta	11	**260**	280
Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais	12	**98,238**	154,130
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	20	**1,926**	3,334
Sócmhainní cánach iarchurtha	21	**67,677**	76,812
Iomlán sócmhainní neamhreatha		**6,176,869**	5,665,985
Sócmhainní Reatha			
Fardail	13	**147,437**	234,179
Nithe infhaighte trádála agus eile	14	**899,600**	808,459
Infheistíochtaí	15	**79**	78
Airgead agus Coibhéisí Airgid	16	**18,178**	70,898
Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh	20	**321**	319
Sócmhainní ar láimh d'fhonn a n-athdhíolta	17	**1,407**	2,261
Iomlán sócmhainní reatha		**1,067,022**	1,116,194
Iomlán sócmhainní		**7,243,891**	6,782,179
COTHROMAS			
Stoc caipitil	18	**1,979,882**	1,979,882
Cúlchiste d'athcheannach stoc iasachta	18	**0**	3,011
Fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí eile	18	**(48,801)**	(88,145)
Tuilleamh coinnithe	18	**803,420**	570,056
Cothromas inchurtha i leith sealbhóirí na Máthairchuideachta		**2,734,501**	2,464,804
DLITEANAIS			
Dliteanais neamhreatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	19	**1,782,428**	1,790,474
Dliteanais pinsin	22	**327,762**	339,176
Sochair a bhaineann le fostaithe	23	**127,763**	130,960
Nithe iníoctha trádála agus eile	24	**16,452**	20,152
Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais	25	**473,911**	373,583
Soláthairtí	26	**283,547**	289,938
Dliteanais chánach iarchurtha	21	**307,372**	297,225
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	20	**146,015**	100,287
Iomlán na ndliteanas neamhreatha		**3,464,250**	3,341,795
Dliteanais reatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	19	**174,798**	123,100
Sochair a bhaineann le fostaithe	23	**57,111**	49,666
Nithe iníoctha trádála agus eile	24	**560,058**	574,680
Soláthairtí	26	**244,121**	206,633
Dliteanais chánachais eile	27	**7,877**	21,027
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	20	**175**	474
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,044,140**	975,580
Iomlán na ndliteanas		**4,509,390**	4,317,375
Iomlán na gcothromas agus na ndliteanas		**7,243,891**	6,782,179

Sínithe: **Tadhg O'Donoghue** Cathaoirleach

Sínithe: **Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach
Sínithe: **Bernard Byrne** Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa
19 Aibreán 2007

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Aitheanta an Ghrúpa

An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Difríochtaí aistrithe ar fhochuideachtaí, ar chomfhiontair agus comhlaigh eachtracha a chomhdhlúthú	18	**2,536**	3,354
Caillteanais luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid	18	**(42,888)**	(21,503)
Gnóthachain luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid i gcomhfhiontair	18	**13,938**	10,349
Cáin ar ítimí a tógadh díreach go cothromas	18	**5,361**	(675)
Ioncam glan a aithnítear go díreach sa chothromas		**(21,053)**	(8,475)
Aistrithe chuig an Ráiteas Ioncaim ar fhálú sreabhadh airgid	18	**88,096**	(9,308)
Aistrithe chuig an Ráiteas Ioncaim ar fhálú sreabhadh airgid in infheistíochtaí comhfhiontair	18	**(1,927)**	-
Cáin ar ítimí a aistríodh ó chothromas	18	**(11,054)**	1,162
Cáin ar ítimí a aistríodh ó chothromas d'infheistíochtaí comhfhiontair	18	**(3,494)**	-
Brabús don bhliain airgeadais	18	**222,618**	241,298
Iomlán an ioncaim agus na gcostas a aithnítear don bhliain airgeadais		**273,186**	224,677
Inchurtha i leith			
Sealbhóirí Cothromais sa Mháthairchuideachta		**273,036**	224,568
Leasanna mionlaigh		**150**	109
Iomlán an ioncaim agus na gcostas a aithnítear don bhliain airgeadais		**273,186**	224,677

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Aitheanta na Máthairchuideachta

An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Caillteanais luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid	18	**(43,131)**	(21,919)
Cáin ar ítimí a tógadh díreach go cothromas	18	**5,391**	2,690
Ioncam glan a aithnítear go díreach sa chothromas		**(37,740)**	(19,229)
Aistrithe chuig an Ráiteas Ioncaim ar fhálú sreabhadh airgid	18	**88,096**	(9,308)
Cáin ar ítimí a tógadh díreach go cothromas	18	**(11,012)**	1,162
Brabús don bhliain airgeadais	18	**302,742**	190,511
Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas a aithnítear don bhliain airgeadais		**342,086**	163,136
Inchurtha i leith:			
Sealbhóirí Cothromais sa Mháthairchuideachta		**342,086**	163,136

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa

An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Brabús roimh chánachas		**263,982**	240,341
Leasuithe maidir le:			
Dímheas agus amúchadh	4	**450,503**	392,866
Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile	3	**(22,293)**	(13,677)
Amúchadh liúntas astaíochtaí	3	**(267,699)**	(117,727)
Caillteanas ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt		**2,486**	2,344
(Brabús) ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt	2	**(75,372)**	(54,272)
(Brabús) ar ghnóthais a dhiúscairt	3	**(18,508)**	(54,529)
Difríochtaí aistrithe		**(1,270)**	(6,686)
Costas úis	5	**92,224**	90,510
Brabús ó chomhlaigh agus comhfhiontair	12	**(19,674)**	(31,294)
Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh athruithe i gcaipiteal oibre agus i soláthairtí		**404,379**	447,876
Muirear i leith soláthairtí		**245,520**	135,929
Muirear i leith dliteanas a bhaineann le fostaithe		**197,935**	250,786
Úsáid soláthairtí		**(20,638)**	(47,268)
Úsáid dhliteanais a bhaineann le fostaithe		**(210,208)**	(136,056)
Ísliú/(Ardú) i nithe infhaighte trádála agus eile		**26,745**	(79,964)
Ísliú/(Ardú) i bhfardail		**12,165**	(43,377)
Ísliú/(Ardú) i nithe iníoctha trádála agus eile		**(60,815)**	167,508
Airgead a gnóthaíodh ó oibriúcháin		**595,083**	695,434
Cáin reatha a íocadh		**(33,048)**	(27,226)
Ús a íocadh		**(86,013)**	(106,647)
Íocaíocht do chostais na ngnóthas a scaradh		**(45,000)**	-
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**431,022**	561,561
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannachán maoine, innealra agus trealamh		**(768,992)**	(935,488)
Ceannachán sócmhainní neamhinláimhsithe		**(48,512)**	(27,630)
Díolachán maoine, innealra agus trealamh		**68,854**	69,698
Díolachán sócmhainní neamhinláimhsithe		**155**	1,175
Díolachán sócmhainní airgeadais		**15,586**	-
Ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile a fuarthas	25	**136,184**	134,300
Diúscairt ghnóthas		**31,920**	136,494
Díbhinní a fuarthas ó ghnóthais chomhfhiontair	12	**8,321**	48,145
Ús a fuarthas		**927**	2,741
Eis-sreabhadh glan ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		**(555,557)**	(570,565)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais			
Díbhinní a íocadh	18	**(72,389)**	(77,413)
Ardú in iascachtaí agus i léasanna airgid (glan)		**176,212**	86,981
Mír úis íocaíochtaí léasanna airgid		**(8,528)**	(7,180)
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais		**95,295**	2,388
(Ísliú) glan in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid		**(29,240)**	(6,616)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir	16	**66,949**	74,778
Tionchar luaineachtaí ráta malairte ar airgead tirim i seilbh		**24**	(1,213)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig	**16**	**37,733**	66,949

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid na Máthairchuideachta

An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Brabús roimh chánachas		**337,102**	190,622
Leasuithe maidir le:			
Dímheas agus amúchadh		**392,960**	363,590
Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile	25	**(16,199)**	(13,014)
Amúchadh liúntas astaíochtaí	25	**(245,607)**	(111,642)
Caillteanas ar dhiúscairt maoine, innealra agus trealamh		**2,486**	2,344
(Brabús) ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt		**(75,075)**	(54,272)
Costas úis		**82,113**	79,400
Díbhinn infhaighte ó ghnóthais fhochuideachta		**(73,835)**	-
Brabús oibriúcháin roimh athruithe i gcaipiteal oibre agus i soláthairtí		**403,945**	457,028
Muirear i leith soláthairtí		**223,258**	147,194
Muirear i leith dliteanas a bhaineann le fostaithe		**197,935**	278,391
Úsáid soláthairtí		**(20,638)**	(47,268)
Úsáid dhliteanais a bhaineann le fostaithe		**(210,208)**	(170,140)
(Ardú) i nithe infhaighte trádála agus eile		**(21,009)**	(98,689)
(Ardú)/Ísliú i bhfardail		**11,580**	(58,122)
(Ardú)/Ísliú i nithe iníoctha trádála agus eile		**5,531**	135,567
Airgead a gnóthaíodh ó oibriúcháin		**590,394**	643,961
Cáin reatha a íocadh		**(33,824)**	(27,650)
Ús a íocadh		**(87,667)**	(89,333)
Íocaíocht do chostais na ngnóthas a scaradh		**(45,000)**	-
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**423,903**	526,978
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannachán maoine, innealra agus trealamh		**(758,802)**	(762,071)
Ceannachan sócmhainní neamhinláimhsithe		**(41,945)**	(28,209)
Díolachán maoine, innealra agus trealamh		**62,565**	59,755
Díolachán sócmhainní neamhinláimhsithe		**-**	1,217
Díolachán sócmhainní airgeadais		**55,891**	-
Ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile a fuarthas	25	**116,527**	133,385
Ús a fuarthas		**13,813**	15,791
Díbhinní infhaighte ó ghnóthais fhochuideachta		**20,464**	-
Eis-sreabhadh glan ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		**(531,487)**	(580,132)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais			
Díbhinní a íocadh	18	**(72,389)**	(77,413)
Ardú in iascachtaí agus i léasanna airgid (glan)		**135,818**	170,008
Mír úis íocaíochtaí léasanna airgid		**(8,589)**	(7,122)
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais		**54,840**	85,473
(Ísliú)/Ardú glan in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid		**(52,744)**	32,319
Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir	16	**70,898**	39,792
Tionchar luaineachtaí ráta malairte ar airgead tirim i seilbh		**24**	(1,213)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig	16	**18,178**	70,898

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. IONCAM

(a) Ioncam de réir Mhargadh Geografach

	2006 €'000	2005 €'000
Éire	**2,808,267**	2,546,795
RA & an Eoraip	**247,843**	174,776
Eile	**31,394**	34,642
Iomlán	**3,087,504**	2,756,213

(b) Ioncam de réir ghnó

	2006 €'000	2005 €'000
Giniúint Chumhachta	**355,690**	222,759
Soláthar Custaiméirí BSL	**1,837,586**	1,816,522
Gréasáin BSL	**249,275**	273,725
ESBI	**687,581**	472,830
Eile	**(42,628)**	(29,623)
Iomlán	**3,087,504**	2,756,213

2. IONCAM Ó DHIÚSCAIRTÍ MAOINE

	2006 €'000	2005 €'000
Gnóthachan ar mhaoin a dhiúscairt	**75,372**	51,928

Rinneadh maoin le leabharluach glan de €4.5 m ag dáta a ndiúscartha a dhiúscairt i rith na bliana ar bhrabús de €75.4m.

3. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

	2006 €'000	2005 €'000
Amúchadh ar liúntais astaíochtaí (Nóta 25)	**267,699**	117,727
Brabús ar ghnóthais a dhiúscairt	**18,508**	54,529
Amúchadh ar ranníocaíochtaí soláthair & ioncam iarchurtha eile (Nóta 25)	**22,293**	13,677
	308,500	185,933

Tá an brabús ar ghnóthais a dhiúscairt comhdhéanta den bhrabús as Irish Power Systems Limited, Hibernian Hydro Limited agus an sciar 50% in Marchwood Power Limited a dhíol.

4. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

	2006 €'000	2005 €'000
Costais fostaithe (Nóta 6)	**591,197**	636,169
Costais fuinnimh	**1,456,438**	1,040,316
Costais astaíochtaí (Nóta 26)	**250,714**	139,647
Oibriúcháin agus cothabháil	**385,992**	485,519
Dímheas agus amúchadh maoine, innealra & trealamh/sócmhainní neamhinláimhsithe (Nótaí 9/10/11)	**450,503**	392,866
	3,134,844	2,694,517

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

5. GLANCHOSTAIS ÚIS AGUS MUIRIR AIRGEADAIS EILE

	2006 €'000	2005 €'000
Ús iníoctha ar iasachtaí	**83,479**	99,685
Ús iníoctha ar léasanna airgeadais	**7,611**	7,851
Ús iníoctha	**91,090**	107,536
Lúide ús caipitlithe	**(14,304)**	(33,908)
	76,786	73,628
Muirir airgeadais:		
- ar dhliteanais athstruchtúraithe	**5,134**	7,379
- ar chostais stáisiúin chumhachta a dhúnadh	**8,545**	13,631
- ar sholáthairtí eile	**1,698**	-
(Gnóthachain)/caillteanais luach cóir ar ionstraimí airgeadais:		
- babhtálacha airgeadra/ráta úis: fálú sreabhadh airgid, aistriú ó chothromas	**1,715**	(610)
- babhtálacha airgeadra/ráta úis: fálú luach cóir	**(728)**	(729)
Ús iomlán iníoctha	**93,151**	93,299
Ús iomlán infhaighte	**(927)**	(2,789)
	92,224	90,510

Ríomhtar na muirir airgeadais ar sholáthairtí de réir an pholasaí chun ceangaltais amach anseo a lascainiú.

6. FOSTAITHE

AN GRÚPA

(a) Meánlíon fostaithe i rith na bliana de réir gníomhaíochta gnóthais, fostaithe sealadacha san áireamh:

	2006 Líon	2005 Líon
Giniúint Chumhachta	**1,317**	1,377
Soláthar Custaiméirí BSL	**562**	733
Gréasáin BSL	**3,696**	3,758
ESBI	**1,131**	1,029
Eile	**1,117**	1,395
	7,823	8,292

(b) Costais fostaithe i rith na bliana

	2006 €'000	2005 €'000
Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)		
Tuarastail	**548,910**	537,047
Costais leasa sóisialaigh (ÁSPC)	**24,460**	21,209
Ranníocaíochtaí le pleananna ranníocaíochtaí sainithe	**2,583**	2,300
Sochair phárolla eile*	**38,945**	42,183
Párolla caipitlithe	**(178,188)**	(172,329)
Glanchostas párolla maidir le fostaithe	**436,710**	430,410

(c) Costais phinsin & shochair aoisliúntais

Scaoilchostas dheonach	**32,139**	35,533
Ardú sa dliteanas pinsin	**122,348**	170,226
	154,487	205,759
Iomlán costais maidir le fostaithe a cuireadh chun dochair an Ráitis Ioncaim	**591,197**	636,169

* Costais taistil agus cothabhála agus fabhrú maidir le hiarmhéid fhuílleach saoire ag deireadh na bliana go príomha a áirítear leis na sochair seo.

6. FOSTAITHE (ar lean)

An Mháthairchuideachta

(a)	**Meánlíon fostaithe i rith na bliana de réir gníomhaíochta gnóthais, fostaithe sealadacha san áireamh:**	**2006 Líon**	2005 Líon
	Giniúint Chumhachta	**1,317**	1,377
	Soláthar Custaiméirí BSL	**562**	733
	Gréasáin BSL	**3,696**	3,758
	Eile	**1,117**	1,214
		6,692	7,082

(b)	**Costais fostaithe i rith na bliana**	**2006 €'000**	2005 €'000
	Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)		
	Tuarastail	**471,610**	459,897
	Costais leasa sóisialaigh (ÁSPC)	**19,926**	16,279
	Sochair phárolla eile*	**33,113**	38,252
	Párolla caipitlithe	**(176,116)**	(171,957)
	Glanchostas párolla maidir le fostaithe	**348,533**	342,471

(c)	**Costais phinsin & shochair aoisliúntais**		
	Scaoilchostas dheonach	**32,139**	35,533
	Ardú sa dliteanas pinsin	**122,348**	170,226
		154,487	205,759
	Iomlán costais maidir le fostaithe a cuireadh chun dochair an Ráitis Ioncaim	**503,020**	548,230

* Costais taistil agus cothabhála agus fabhrú maidir le hiarmhéid fhuílleach saoire ag deireadh na bliana go príomha a áirítear leis na sochair seo.

7. CÁIN AR BHRABÚS Ó GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ	2006 €'000	2005 €'000
Costas cánach reatha		
Cánachas reatha	**27,784**	22,764
(Rósholáthar) na bliana roimhe	**(1,557)**	(26,834)
Costas cánach iarchurtha		
Tionscnú agus aischóiriú ar iomraill shealadacha	**13,295**	7,918
Laghdú ar an ráta cánach	**(46)**	-
Rósholáthar/(gannsoláthar) na bliana roimhe	**1,888**	(4,805)
Iomlán	**41,364**	(957)

Réiteach an ráta cánach éifeachtach *de réir na mílte euro*	2006 €'000	2005 €'000
Brabús roimh cháin	**263,982**	240,341
Cáin ag 12.5% (2005: 12.5%)	**32,998**	30,043
Costais neamh-inasbhainte	**3,854**	4,480
Éifeacht chánach shócmhainn chánach nár tugadh	**2,310**	-
Laigí neamh-inasbhainte do chríocha cánach	**4,375**	-
Ioncam neamh-incháinithe	**(3,524)**	(6,037)
Cáin níos airde ar ghnóthachain inmhuirir	**742**	1,517
Ioncam a ngearrtar cáin air ar ráta cháin chorparáide níos airde	**516**	183
Faoiseamh déantúsaíochta	**(1,047)**	(1,632)
Rátaí cánach níos airde ar thuillimh thar lear	**3,643**	3,590
(Rósholáthairtí) na bliana roimhe seo	**(343)**	(31,639)
Ítimí eile	**299**	-
Éifeacht chánach chomhfhiontair san áireamh i mbrabús roimh cháin	**(2,459)**	(1,462)
Costas cháin ioncaim	**41,364**	(957)

8. BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS	2006 €'000	2005 €'000
Luaitear an brabús don bhliain airgeadais tar éis muirearaithe/(cur chun sochair)		
Dímheas agus amúchadh	**450,503**	392,866
Muirir léasanna oibriúcháin	**8,453**	9,544
Amúchadh ioncaim iarchurtha	**(22,293)**	(13,677)
Caillteanas ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt	**2,486**	2,344
(Brabús) ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt	**(75,372)**	(54,272)
Luach saothair an Iniúchóra		
- seirbhísí iniúchóireachta	**577**	415
- cánachas	**96**	91
- seirbhísí neamh-iniúchóireachta	**211**	240
- seirbhísí neamh-iniúchóireachta RA	**13**	423
Luach saothair Chomhaltaí Bhord BSL (An Mháthairchuideachta)		
- táillí	**236**	193
- luach saothair eile	**486**	473

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

9. MAOIN, INNEALRA & TREALAMH

(a) AN GRÚPA	Talamh agus Foirgnimh €'000	Fearas agus Innealra €'000	Líon iomlán na sócmhainní i gcoimisiún €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Iomlán €'000
Costas					
Iarmhéid an 1 Eanáir 2005	814,863	6,797,723	7,612,586	1,223,947	8,836,533
Breisithe	319,258	593,647	912,905	-	912,905
Scoir/diúscairtí	(14,863)	(24,876)	(39,739)	-	(39,739)
Aistrithe amach as sócmhainní atá á dtógáil	-	294,908	294,908	(294,908)	0
Aistrithe amach as sócmhainní atá á dtógáil chuig comhfhiontair	-	-	-	(487,336)	(487,336)
Difríocht aistrúcháin	-	5	5	6,860	6,865
Iarmhéid an 31 Nollaig 2005	1,119,258	7,661,407	8,780,665	448,563	9,229,228
Breisithe	2,613	20,847	23,460	760,649	784,109
Scoir/diúscairtí	(10,225)	(105,616)	(115,841)	(225)	(116,066)
Aistrithe chuig sócmhainní i seilbh d'athdhíol	(2,556)	-	(2,556)	-	(2,556)
Aistrithe amach as sócmhainní atá á dtógáil	40,518	675,298	715,816	(715,816)	-
Aistrithe eile	(278,775)	297,970	19,195	81,962	101,157
Difríocht aistriúcháin	5,802	13	5,815	-	5,815
21. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS CHÁNACH IARCHURTHA (ar lean)

Is mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

Sócmhainní	Iarmhéid 1 Eanáir 2005 €'000	Aitheanta in Ioncam 2005 €'000	Aitheanta i gcothromas 2005 €'000	Aistrithe chuig comh-fhiontair €'000	Iarmhéid 31 Nollaig 2005 €'000	Aitheanta in ioncam 2006 €'000	Aitheanta i gcothromas 2006 €'000	Iarmhéideanna Cánach Iarchurtha díscríofa i ndáil le diúscairtí €'000	Iarmhéid 31 Nollaig 2006 €'000
Maoin, Fearas & Trealamh & Sócmhainní Neamh-inláimhsithe	3,502	(496)	-	-	3,006	(1,075)	-	(150)	1,781
Dliteanas pinsin	33,830	8,567	-	-	42,397	(1,427)	-	-	40,970
Soláthairtí	23,133	(965)	-	-	22,168	(2,094)	-	-	20,074
Caillteanais chánach ar aghaidh	1,763	(681)	-	-	1,082	1,345	-	-	2,427
Díorthuithe	-	-	19,095	(6,454)	12,641	-	(5,693)	-	6,948
Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha	**62,228**	**6,425**	**19,095**	**(6,454)**	**81,294**	**(3,251)**	**(5,693)**	**(150)**	**72,200**
Dliteanais									
Maoin, Fearas & Trealamh & Sócmhainní Neamh-inláimhsithe	279,153	12,595	-	(7,012)	284,736	14,821	-	-	299,557
Sochair scoir	15,430	(3,112)	-	-	12,318	(3,113)	-	-	9,205
Soláthairtí	50	55	-	-	105	178	-	-	283
Cáin gnóthachain caipitil	1,180	-	-	-	1,180	-	-	-	1,180
Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha	**295,813**	**9,538**	**-**	**(7,012)**	**298,339**	**11,886**	**-**	**-**	**310,225**
Glan (Sócmhainn)/ dliteanas cánach iarchurtha don bhliain	**233,585**	**3,113**	**(19,095)**	**(558)**	**217,045**	**15,137**	**5,693**	**150**	**238,025**

Baineann aistrithe faoi dhliteanais chánach iarchurtha le hiarmhéid cánach iarchurtha a bhaineann le Comhpháirtíocht Synergen a aistriú in infheistíochtaí i gcomhfhiontair.

Baineann aistrithe faoi shócmhainní cánach iarchurtha leis an bhfochuideachta Bizkaia Energia SL a aistriú in infheistíochtaí i gcomhfhiontair.

Ní aithnítear na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa Chlár Comhardaithe mar ní dócha go réadófar iad amach anseo:

	2006 €'000	2005 €'000
Caillteanais oibriúcháin	22,785	6,900
Caillteanais chaipitil	-	1,192

Ní thugtar dáta éaga maidir leis an tráth ar féidir caillteannais chánach sa Ghrúpa a úsáid.

Ní dhearnadh soláthar maidir le cáin iarchurtha i gcás chúlchistí neamhíochta ónár bhfochuideachtaí thar lear óir ní dóigh linn go ndéanfar na chúlchistí sin a dháileadh le linn na tréimhse a fheictear romhainn. Ní dhearnadh soláthar ach oireadh maidir le cáin iarchurtha i gcás cúlchistí neamhíoctha ónár gcomhfhiontair thar lear óir ní dóigh linn faoi láthair go gceadófar na cúlchistí sin a dháileadh. Iomlán de €103 milliún (2005: €104 milliún) a bhain le cúlchistí carnacha neamhíoctha fhochuideachtaí, comhfhiontair agus comhlaigh thar lear.

21. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS CHÁNACH IARCHURTHA (ar lean)

AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	2006	2005
	€ '000	€'000
Sócmhainní cánach iarchurtha		
Pinsean	**40,970**	42,397
Soláthairtí	**19,687**	21,774
Díorthuithe	**7,020**	12,641
Iomlán	**67,677**	76,812
Dliteanais chánach iarchurtha		
Maoin, Fearas & Trealamh	**296,987**	283,728
Sochair scoir	**9,205**	12,317
Cáin gnóthachain caipitil	**1,180**	1,180
Iomlán	**307,372**	297,225
Glandliteanas cánach iarchurtha	**239,695**	220,413

Is mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

	Iarmhéid 1 Eanáir 2005 €'000	Aitheanta in Ioncam 2005 €'000	Aitheanta i gcothromas 2005 €'000	Iarmhéid 31 Nollaig 2005 €'000	Aitheanta in ioncam 2006 €'000	Aitheanta i gcothromas 2006 €'000	Iarmhéid 31 Nollaig 2006 €'000
Sócmhainní							
Dliteanas pinsin	33,830	8,567	-	42,397	(1,427)	-	40,970
Soláthairtí	19,340	2,434	-	21,774	(2,087)	-	19,687
Díorthuithe	-	-	12,641	12,641	-	(5,621)	7,020
Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha	**53,170**	**11,001**	**12,641**	**76,812**	**(3,514)**	**(5,621)**	**67,677**
Dliteanais							
Maoin, Fearas & Trealamh & Sócmhainní Neamh-inláimhsithe	267,073	16,655	-	283,728	13,259	-	296,987
Sochair scoir	15,430	(3,113)	-	12,317	(3,112)	-	9,205
Cáin gnóthachain caipitil	1,180	-	-	1,180	-	-	1,180
Iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha	**283,683**	**13,542**	**-**	**297,225**	**10,147**	**-**	**307,372**
Glan dliteanas/ (Sócmhainn)cánach iarchurtha don bhliain	**230,513**	**2,541**	**(12,641)**	**220,413**	**13,661**	**5,621**	**239,695**

22. DLITEANAIS PHINSIN

(a) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA & AN GRÚPA

(i) Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostóirí BSL

Maoinítear pinsin fhostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim shochair shainithe neamhspleách ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostaithe BSL. Tá an ciste dílsithe in iontaobhaithe arna n-ainmniú ag BSL agus a chomhaltaí chun leasa na bhfostaithe agus a gcuid cleithiúnaithe amháin.

Cé go leagtar amach sách mion sna rialacháin faoi Scéim Phinsin BSL na sochair a chuirfear ar fáil, leagtar síos chomh maith na ranníocaíochtaí atá le híoc ag BSL agus ag na comhaltaí ranníocaíochta araon. Ní thagann sin leis an ngnáthmhodh ina gcuirtear chuig sochar sainithe trí "iarmhéid chostais". Anuas air sin, bhí ranníocaíochtaí BSL agus na gcomhaltaí araon socraithe de réir rialachán ar feadh tréimhsí fada. Léiríonn na fíricí sin nach gnáthscéim de chineál an tsochair shainithe atá i Scéim Phinsin BSL.

Leagtar amach i rialacháin na scéime na céimeanna a thógfar sa chás go dtarlaíonn easnamh nó barrachas. Sa chás go dtuairiscítear easnamh, éilítear ar BSL dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, le hIontaobhaithe na scéime agus Achtúire na scéime d'fhonn a mheas ar gá leasú a dhéanamh ar an scéim. Ní luaitear tada sa scéim faoi chineál aon leasaithe den sórt sin. Sa chás go dtarlaíonn barrachas, ní mór é a chur i leataobh i gcúlchiste; agus/nó é a úsáid chun ranníocaíochtaí na gcomhaltaí nó BSL a laghdú; agus/nó feabhas a chur ar na sochair.

In ainneoin an scéim a bheith éagsúil ó ghnáthscéim shochair shainithe iarmhéid chostais (mar a bhíonn dlite ar an bhfostóir fuílleach na ranníocaíochtaí is gá chun na sochair a mhaoiniú a íoc), chun críche tuairisc a thabhairt faoi CCI 19, cuirtear an dliteanas iomlán agus na costais phinsin san áireamh sna ráitis airgeadais.

(ii) Luacháil

Déantar seasamh maoinithe na scéime a mheasúnú de réir chomhairle achtúirí neamhspleácha a fhaightear ag idirthréimshí trí bliana. Cuireadh luacháil achtúireach i gcrích amhail an 31 Nollaig 2003. Tá an luacháil achtúireach amhail an 31 Nollaig 2006 ar siúl faoi láthair.

De réir mhodh na haoise slánaithe a rinneadh an luacháil ar an scéim. Ba é an príomhbhonn tuisceana achtúireach ná go mbeadh, san fhadtéarma, an ráta bliantúil ar infheistíochtaí 3% níos airde ná an t-ardú bliantúil ar luach saothair inphinsin agus pinsin arna n-íoc. Ar dháta na luachála achtúirí sin, b'ionann luach margaidh sócmhainní na scéime agus €3,311m agus b'ionann an luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe na scéime, arna bunú ar an tuilleamh reatha agus €3,822m. Dá réir sin, ba mhó de €511m dliteanais na scéime ná luach na sócmhainní.

Is ag comhaltaí na scéime amháin atá fáil ar thuairisc an achtúire lena hiniúchadh agus níl sí ar fáil lena hiniúchadh go poiblí.

(iii) Sochair phinsin

Tá luacháil na scéime ag achtúirí neamhspleácha chun críche nochtadh CCI 19 bunaithe ar shonraí ó luacháil de chuid achtúirí roimhe seo. Baineadh leas as na sonraí sin chun riachtanais CCI 19 a thabhairt san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime ar dháta an chláir chomhardaithe a mheasúnú. Luaitear sócmhainní na scéime ar luach an mhargaidh orthu ar dháta an Cláir Chomhardaithe. Rinneadh an luacháil agus an modh aonad fortheilgthe in úsáid.

(iv) Boinn tuisceana

Boinn tuisceana airgeadais

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana ar bhain an tAchtúire leas astu chun na dliteanais CCI 19 ar dháta an Chláir Chomhardaithe a ríomh:

	2006	2005
An ráta úis a chuirtear i bhfeidhm ar dhliteanais lascainithe	**4.60%**	4.25%
Boilsciú i bPraghsanna	**2.00%**	2.00%
Ráta ardaithe ar thuarastail inphinsin	**3.00%**	3.00%
Ráta ardaithe ar phinsin arna n-íoc	**3.00%**	3.00%
Toradh fadtéarma tuartha ar shócmhainní plean	**6.92%**	6.53%

Is é 4.6% an ráta lascainithe a ghlac na hachtúirí agus iad ag ríomh an dliteanais pinsin ag deireadh na bliana. Tagtar air seo trí thorthaí an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha den scoth ag dáta an chláir chomhardaithe. Tá tréimhse agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul leis an tréimhse agus le téarma measta na ndualgas iar-fhostaíochta. Ag deireadh na bliana ba é 4.6% sa bhliain (4.01% an 1 Eanáir 2006) toradh bannaí corparáideacha ar ráta AA ainmnithe i euro díreach de réir innéacs iBoxx. Agus tréimhse na ndliteanas á cur san áireamh, feictear don Bhord go bhfuil sé cóir ráta lascaine 4.6% a ghlacadh an 31 Nollaig 2006 (4.25% an 31 Nollaig 2006).

22. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

Sócmhainní plean

Is iad seo a leanas meánleithroinntí ualaithe sócmhainní ag deireadh na bliana:

Catagóir Sócmhainní	**Nollaig 2006**	Nollaig 2005
Cothromais	**72%**	76%
Bannaí	**8%**	8%
Eastát Réadach	**12%**	12%
Airgead Tirim	**8%**	4%
	100%	100%

Chun an ráta toraidh ionchais fadtéarmach ar bhonn tuisceana sócmhainní a fhorbairt, bhreithnigh an Bord leibhéal reatha na dtorthaí ionchais ar infheistíochtaí gan riosca (go príomha bannaí rialtais), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann le haicmí eile sócmhainní ina mbíonn an pórtfóilío infheistithe agus na hionchais maidir le torthaí gach aicme sóchmhainne amach anseo. Rinneadh ualú ansin ar thoradh ionchais gach aicme sócmhainne bunaithe ar an leithroinnt spriocsócmhainne chun an ráta toraidh fadtéarmach ar bhonn tuisceana sócmhainní a fhorbairt don phórtfóilió. Ba é an toradh a bhí air sin ná gur roghnaíodh an bonn tuisceana 6.92% (2005: 6.53%).

Is mar seo a leanas a chinntear na suimeanna a aithnítear sa chlár comhardaithe mar chuid de shochair fhadtéarmacha fostaithe:

	2006 €'000	**2005 €'000**	**2004 €'000**	**2003 €'000**	**2002 €'000**
Luach reatha na ndualgas cistithe	**5,416,310**	4,884,093	4,230,795	3,644,869	3,147,997
Luach cóir ar shócmhainní an phlean	**(3,784,263)**	(3,336,000)	(2,801,014)	(2,541,008)	(2,243,064)
Easnamh do phlean maoinithe	**1,632,047**	1,548,093	1,429,781	1,103,861	904,933
(gnóthachain)	**(1,304,285)**	(1,208,917)	(1,159,140)	(867,986)	(732,869)
Glandliteanas	**327,762**	339,176	270,641	235,875	172,064

Stair gnóthachan agus caillteanas ó thaithí	**2006**	**2005**	**2004**	**2003**	**2002**
An difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime:					
Suim (€m)	**230,832**	379,579	94,322	147,141	(639,667)
Céatadán de shócmhainní scéime	**6.1%**	11.4%	3.4%	5.8%	28.5%
Stair gnóthachan agus caillteanas ar dhliteanais scéime ó thaithí:					
Suim (€m)	**(374,235)**	(478,426)	(419,043)	(310,129)	(180,955)
Céatadán de luach reatha dhliteanais scéime	**6.9%**	9.8%	9.9%	8.5%	5.7%

22. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

	2006 €'000	2005 €'000
Athrú sa dualgas sochair		
Dualgas sochair ag tús na bliana	**4,884,093**	4,230,795
Athrú i rith na bliana:		
Costas seirbhíse reatha	**38,107**	40,964
Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean	**30,096**	23,786
Ciorrúcháin	**32,802**	29,951
Costais sheirbhíse roimhe seo	**25,677**	32,395
Costais socraíochta	**(10,743)**	-
Sochair a íocadh	**(162,280)**	(149,633)
Costas úis	**204,323**	197,409
Caillteanas achtúireach	**374,235**	478,426
Dualgas sochair ag deireadh na bliana	**5,416,310**	4,884,093
Athrú ar shócmhainní an phlean		
Luach cóir ar shócmhainní an phlean ag tús na bliana	**3,336,000**	2,801,014
Athrú i rith na bliana:		
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	**215,852**	179,564
Gnóthachain achtúireacha	**230,832**	379,579
Ranníocaíochtaí fostóra	**133,762**	101,690
Ranníocaíochtaí comhaltaí	**30,096**	23,786
Sochair a íocadh	**(162,280)**	(149,633)
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	**3,784,262**	3,336,000
Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean i rith na bliana	**446,684**	559,143

Is mar seo a leanas atá an anailís ar na suimeanna a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim mar chuid de chostais shochar na bhfostaithe:

Costas seirbhíse reatha	**38,107**	40,964
Costas seirbhíse roimhe seo	**25,677**	32,395
Ciorrúcháin	**32,802**	29,951
Costais socraíochta	**(10,743)**	-
Caillteanais achtúireacha aitheanta i rith na bliana	**48,034**	49,071
Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin	**(215,852)**	(179,564)
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	**204,323**	197,409
Tionchar glan iomlán ar bhrabúis thuairiscithe	**122,348**	170,226

22. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

(b) Scéim Phinsin Fhochuideachtaí BSL

Oibríonn BSL scéim ranníocaíochta shainithe cheadaithe chomh maith ar a dtugtar Scéim Phinsin Fhochuideachtaí BSL d'fhostaithe fhochuideachtaí BSL. Íocann na comhaltaí agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste fabhraithe gach fostaí agus costas ceannacháin na sochar ag an am sin. Bíonn árachas ar shochair báis ar bhonn an ghrúpa agus is féidir iad a íoc mar chnapshuim agus/nó mar phinsean marthanóra. Coinnítear sócmhainní na scéime i gciste ar leithligh arna riar ag iontaobhaithe. Is ionann muirear pinsin na bliana agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus ba ionann sin agus €2.6 milliún i mbliana (2005:€2.3 milliún).

23. DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

AN GRÚPA	Dliteanais Athstruchtúraithe €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2006	146,760	41,292	188,052
Gluaiseachtaí i rith na bliana:			
Cuir de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim	37,061	38,526	75,587
Úsáidte i rith na bliana	(35,154)	(41,292)	(76,446)
Muirear Maoinithe	5,134	-	5,134
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2006	**153,801**	**38,526**	**192,327**
Anailísithe mar seo a leanas:			
Dliteanais neamhreatha	127,763	-	127,763
Dliteanais reatha	26,038	38,526	64,564
AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2006	146,760	33,866	180,626
Gluaiseachtaí i rith na bliana:			
Cuir de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim	37,061	(2,793)	34,268
Úsáidte i rith na bliana	(35,154)	-	(35,154)
Muirear Maoinithe	5,134	-	5,134
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2006	**153,801**	**31,073**	**184,874**
Anailísithe mar seo a leanas:			
Dliteanais neamhreatha	127,763	-	127,763
Dliteanais reatha	26,038	31,073	57,111

Dliteanais Athstruchtúraithe

Is ionann an soláthar seo agus an costas a mheastar a bheadh le híocaíochtaí iarscoir a chur ar fáil d'iarfhostaithe, seachas na suimeanna a thagann faoin scéim phinsin. Tá dliteanais san áireamh ann a bhaineann le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh luathscoir dheonaigh cheana, chomh maith le dliteanais i ndáil le hiarfhostaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar chuid de cheanglais eile dlí nó chuiditheacha iarscoir a d'fhéadfadh a bheith ann. Meastar go scaoilfear na dliteanais sin go hábhartha faoin mbliain 2020.

Eile

De réir riachtanais Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19, tá soláthar déanta maidir le dliteanais luach saothair na bhfostaithe, lena n-áirítear laethanta saoire fabhraithe, bónais agus socruithe pháirtiú i mbrabús.

24. NITHE INÍOCTHA TRÁDÁLA AGUS EILE

	AN GRÚPA		AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	
Nithe iníoctha reatha:	**2006**	2005	**2006**	2005
	€'000	€'000	**€'000**	€'000
Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair atá idir lámha	**8,505**	25,604	**8,505**	25,604
Nithe iníoctha trádála	**292,436**	249,532	**289,504**	245,445
Nithe iníoctha eile	**42,891**	33,845	**29,565**	18,293
Cánacha fostaíochta	**10,695**	17,039	**10,416**	16,723
Cáin bhreisluacha	**34,108**	43,733	**30,399**	33,888
Fabhruithe	**89,398**	173,331	**16,855**	64,956
Suimeanna dlite do ghnóthais fo-chuideachta	**-**	-	**168,662**	162,204
Ús fabhraithe ar iasachtaí	**6,152**	7,567	**6,152**	7,567
	484,185	550,651	**560,058**	574,680

	2006	2005	**2006**	2005
	€'000	€'000	**€'000**	€'000
Nithe iníoctha neamhreatha:				
Nithe iníoctha eile	**42,552**	47,171	**16,452**	20,152

25. IONCAM IARCHURTHA AGUS DEONTAIS RIALTAIS

(a) AN GRÚPA

	Liúntais Astaíochtaí	Ranníocaíochtaí Soláthair & Eile	2006 Iomlán
	€000	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2006	1,727	375,522	377,249
Infhaighte	268,299	136,184	404,483
Amúchta chuig an Ráiteas Ioncaim (Nóta 3)	(267,699)	(22,293)	(289,992)
Difríochtaí aistrithe	(1,192)	-	(1,192)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2006	**1,135**	**489,413**	**490,548**

(b) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA

	Liúntais Astaíochtaí	Ranníocaíochtaí Soláthair	2006 Iomlán
	€000	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2006	-	373,583	373,583
Infhaighte	245,607	116,527	362,134
Amúchta chuig an Ráiteas Ioncaim	(245,607)	(16,199)	(261,806)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2006	**-**	**473,911**	**473,911**

Taifeadtar na liúntais astaíochtaí a fuarthas i rith na bliana mar shócmhainní inláimhsithe agus mar ioncam iarchurtha araon. Is é luach an mhargaidh nuair a fhaightear iad a luaitear leo agus amúchtar iad chuig an Ráiteas Ioncaim ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhír i rith na bliana.

Taifeadtar ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha agus deontais chaipitil a fuarthas mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an Ráiteas Ioncaim iad ar bhonn a thagann le polasaí dímheasa na sócmhainní iomchuí.

26. SOLÁTHAIRTÍ

(a) AN GRÚPA

	Costais Dhúnadh Stáisiún Cúmhachta €'000	Soláthairtí astaíochtaí €'000	Scaradh Gnóthas €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2006	265,172	139,647	48,200	49,636	502,655
Curtha de mhuirear/(curtha chun sochair) an ráitis ioncaim					
- Astaíochtaí	-	250,714	-	-	250,714
- Dlí	-	-	-	813	813
- Dúnadh Stáisiúin	(6,007)	-	-	-	(6,007)
Úsáidte i rith na bliana	(16,941)	(139,648)	(48,200)	(3,697)	(208,486)
Muirear maoinithe	8,545	-	-	1,698	10,243
Dliteanais reatha	-	345	-	-	345
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2006	**250,769**	**251,058**	**-**	**48,450**	**550,277**
Anailísithe mar seo a leanas:					
Dliteanais neamhreatha	240,269	-	-	43,450	283,718
Dliteanais reatha	10,500	251,058	-	5,000	266,558

(b) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA

	Costais Dhúnadh Stáisiún Cúmhachta €'000	Soláthairtí astaíochtaí €'000	Scaradh Gnóthas €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2006	265,172	133,563	48,200	49,636	496,571
Curtha de mhuirear/(curtha chun sochair) an ráitis ioncaim					
- Astaíochtaí	-	228,621	-	-	228,621
- Dlí	-	-	-	644	644
- Dúnadh Stáisiúin	(6,007)	-	-	-	(6,007)
Úsáidte i rith na bliana	(16,941)	(133,563)	(48,200)	(3,697)	(202,401)
Muirear maoinithe	8,545	-	-	1,695	10,240
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2006	**250,769**	**228,621**	**-**	**48,278**	**527,668**
Anailísithe mar seo a leanas:					
Dliteanais neamhreatha	240,269	-	-	43,278	283,547
Dliteanais reatha	10,500	228,621	-	5,000	244,121

Costais Dhúnadh Staisiún Cumhachta
Léiríonn an soláthar €250.8 milliún (2005: €265 milliún) an 31 Nollaig 2006 do dhúnadh stáisiúin luach reatha an mheastacháin reatha ar chostais stáisiúin ghiniúna a dhúnadh ag deireadh a saolré úsáideach eacnamaíochta. Téann dáta dúnta ionchais i gcás formhór na stáisiún giniúna suas chomh fada leis an mbliain 2020. Ós rud é gur ar bhonn lascaine a luaitear na costais, cuirtear muirear maoinithe san áireamh sa Ráiteas Ioncaim a chuirtear leis an soláthar gach bliain. Déantar athscrúdú ar an Soláthar do Dhúnadh Stáisiúin Chumhachta gach bliain agus ath-ríomhtar an dliteanas de réir dhátaí dúnta stáisiún ionchais reatha. Tá costais maidir leis na stáisiúin a bhaint anuas go fisiciúil agus costais a bhaineann le scor foirne na stáisiún nuair a dhúntar iad san áireamh le costais dúnta.

Tá roinnt éiginnteachtaí a mbeadh tionchar acu ar ríomh an tsoláthair do dhúnadh stáisiúin, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna suímh, éiliú gan choinne, costais iompair, tionchar mhalairt teicneolaíochta agus athruithe sa ráta lascaine. Tá an meastachán is fearr maidir leis an tionchar airgeadais a bheadh ag na nithe éiginnte sin déanta ag an nGrúpa agus an soláthar á ríomh ach d'fhéadfadh athrú ábhartha amach anseo ar aon bhonn tuisceana díobh sin tionchar ábhartha a imirt ar ríomh an tsoláthair.

26. SOLÁTHAIRTÍ (ar lean)

Soláthairtí Astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim thrádáil astaíochtaí CO_2 na hEorpa, aithnítear soláthar chun dliteanais maidir le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana a chlúdach. Faoin scéim sin, deonaíonn an tÚdarás iomchuí (Féach Nóta 10 Sócmhainní Inláimhsithe) liúntais astaíochtaí ag tús gach bliana a chlúdaíonn céatadán de na hastaíochtaí ionchais i rith na bliana. Cuirtear na liúntais sin, maille le haon liúntais bhreise a cheannaítear i rith na bliana, ar ais chuig an Údarás iomchuí atá i mbun na scéime laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana, ag teacht leis na hastaíochtaí CO_2 iarbhír i rith na bliana. Is ionann an soláthar ag deireadh na bliana agus an dualgas liúntais astaíochtaí cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír a chur ar ais ag deireadh na bliana. Áirítear an dualgas sin de réir shuim charraeireachta na liúntas astaíochtaí CO_2 caipitlithe chomh maith le luach an mhargaidh ar aon liúntais bhreise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a shásamh.

Scaradh Gnóthas

Mar a treoraíodh in Ionstraim Reachtúil 445 den bhliain 2000, bhí Oibreoir an Chórais Tarchuradóireachta (TSO) le bunú mar chuideachta ar leithligh (EirGrid cpt), neamhspleách ar BSL. Faoin Ionstraim Reachtúil sin, éileodh ar BSL sócmhainní, dliteanais, conarthaí agus cistí riachtanacha a aistriú go dtí EirGrid cpt d'fhonn a gcuid oibriúcháin mar TSO a mhaoiniú. Léiríonn an dliteanas an 31 Nollaig 2005 an costas a bhain le EirGrid cpt a bhunú mar chomhlacht dlíthiúil ar leithligh don BSL. Ba chaipiteal oibre agus ciste caipitil a bhí riachtanach don chuideachta nua a bhí san iarmhéid. Mar a bhíothas ag súil leis, dílsíodh EirGrid cpt i rith na bliana 2006 agus dá bhrí sin tá úsáid bainte as an soláthar.

Eile

Meastacháin stuama atá i gceist le soláthairtí eile maidir le dliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn nó gan teacht chun cinn do thríú páirtithe i ndáil le héilimh a cuireadh in iúl nó a ndearnadh soláthar ina leith ag deireadh na bliana. De réir ghnáthchleachtas tráchtála, tá meastachán maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár cuireadh in iúl go fóill san áireamh sa soláthar ag deireadh na bliana.

27. DLITEANAIS CHÁNACH REATHA

	AN GRÚPA		AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	
	2006	2005	**2006**	2005
	€'000	€'000	**€'000**	€'000
Cáin chorparáide	**17,213**	17,592	**7,877**	21,027

Léiríonn an dliteanas reatha cánach suim na gcánacha corparáide atá iníoctha i ndáil le tréimhsí reatha agus tréimhsí roimhe seo a sháraíonn íocaíochtaí.

28. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS

(a) Dualgais de réir léasanna oibriúcháin

Cíosanna léasanna oibriúcháin comhlána atá iníoctha amach anseo i ndáil le dáta éaga léasanna atá ag dul in éag:	**2006**	2005
	€'000	€'000
Laistigh d'aon bhliain amháin	**8,230**	2,453
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	**29,611**	7,276
Tráth is faide anonn ná cúig bliana	**35,425**	84,981
Iomlán iníoctha laistigh d'aon bhliain amháin	**73,266**	94,710

Baineann léasanna oibriúcháin is iníoctha leis an nGrúpa de ghnáth le talamh agus foirgnimh ar cíos. Bunaítear na costais léasanna seo ar luach an mhargaidh oscailte agus de ghnáth bíonn siad faoi réir athbhreithnithe cíosa, gach cúig bliana ar an meán. Níl aon srianta suntasacha ná srianta neamhghnácha ar an nGrúpa mar gheall ar théarmaí na léasanna oibriúcháin.

28. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS (ar lean)

		2006 €'000	2005 €'000
(b)	**Ceangaltais Chaipitil**		
	A conraíodh	**286,817**	189,205

	2006 €'000	2005 €'000
Sciar de cheangaltais chaipitil i leith comhfhiontar		
Conraíodh i Marchwood Power Limited	**196,521**	-

Baineann na conarthaí seo le conradh tógála réamhdhéanta le húsaid, conarthaí éagsúla idircheangailte, conarthaí fadtréimhseacha cothabhála agus roinnt conarthaí comhairleoireachta atá déanta ag Marchwood Power Limited.

(c) Ceangaltais Chonarthaí Breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha déanta maidir le soláthar gáis maidir le tréimhsí éagsúla suas go dtí an bhliain 2014. Déantar soláthar sna socruithe sin d'athruithe praghasála ag teacht le hathruithe ar tháscairí ionsuite sa mhargadh fuinnimh.

29. BEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Comhlachtaí Leath-Stáit

Dála go leor comhlachtaí eile, bíonn idirbhearta idir BSL agus comhlachtaí stát-urraithe eile mar Bord Gáis agus Bord na Móna mar ghnáthchuid den ghnó. Déantar comhaontuithe idir BSL agus Bord na Móna maidir le socruithe fadtéarmacha do cheannach móna do na Stáisiúin Lár Tíre.

Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Seachas na leithroinntí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird i BSL ná i bhfochuideachtaí dá chuid ag aon am i rith na bliana.

Gnóthais fhochuideachta

I rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2006, rinne Máthairchuideachta BSL ceannachán dar luach €60.4 milliún (2005: €59.7 milliún) ó fhochuideachtaí dá chuid. Seirbhísí innealtóireachta agus comhairleoireachta is mó atá i gceist leis an gceannachán sin a rinne na gnóthais leictreachais den chuid is mó.

Rinne Máthairchuideachta BSL díolachán de €143.1 milliún (2005: €142.7 milliún) le fochuideachtaí i rith na bliana. Baineann na díolacháin sin go príomha le seirbhísí bainistíochta, chomh maith le muirir leictreachais mar tháillí chun córais a úsáid agus díolachán leictreachais.

An 31 Nollaig 2006, tá €168.7 milliún (2005: €162.2 milliún) dlite ag Máthairchuideachta BSL lena fochuideachtaí. Gnóthais na hinnealtóireachta agus na seirbhísí comhairleoireachta is mó is siocair leis na creidiúnaithe seo agus tá suimeanna a choimeádtar ar taisce d'fhochuideachtaí i gceist chomh maith.

An 31 Nollaig 2006, tá €406.8 milliún (2005: €307.1 milliún) dlite ag na fochuideachtaí leis an Máthairchuideachta BSL. Is le muirir leictreachais is mó a bhaineann na féichiúnaithe sin ar nós táillí chun córais a úsáid agus díolachán leictreachais chomh maith le hiasachtaí d'fhochuideachtaí agus táillí bainistíochta.

An 31 Nollaig 2006, bhí €98.2 milliún (2005: €151.1 milliún) ag seasamh amach mar iarmhéideanna idir Máthairchuideachta BSL agus a fochuideachtaí maidir le hiasachtaí, ranníocaíochtaí caipitil agus cothromas.

Comhfhiontair

Chuir an Grúpa seirbhísí ar fáil i rith na bliana dá chomhfhiontair, Synergen, Bizkaia Energia SL, Corby Power Ltd agus Marchwood Power Ltd. Chuir BSL seirbhísí ar fáil do Synergen Power Ltd de luach €10 milliún (2005: €39.7 milliún) agus ní raibh aon airleacan caipitil tugtha go deireadh na bliana.

Chuir BSL seirbhísí de luach €14.5 milliún (2005: €2.2 milliún) ar fáil do Biskaia Energia SL i rith 2006 agus bhí airleacan iomlán caipitil de €10.9 milliún tugtha go deireadh na bliana (2005: €15.9 milliún).

Cuireadh seirbhísí de luach €5.8 milliún (2005: €4.8 milliún) ar fáil do Corby Power Ltd. Bhí Marchwood Power Ltd mar chomhfhiontar i Meán Fómhair 2006. Cuireadh seirbhísí de luach €6.9 milliún agus Maoiniú Caipiltil de luach €3.5 milliún ar fáil do Marchwood Power Ltd ó Mheán Fómhair.

29. BEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA (ar lean)

Luach saothair na bpríomhbhainisteoirí	2006 €'000	2005 €'000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarma eile d'fhostaithe	**4,046**	3,234
Sochair iarfhostaíochta	**443**	218
Sochair scoir	**320**	-
	4,809	3,452

Is ionann luach saothair na bpríomhbhainisteoirí a nochtar thuas agus an luach saothair do na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. I bhfigiúirí 2006 tá costas aon-uaire a bhain le cur i bhfeidhm cinneadh na cuideachta deireadh a chur le gluaisteáin na cuideachta don fhoireann go léir.

30. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS

Bíonn gá le líon suntasach breithiúnas agus meastachán ar bhonn tuisceana agus ráitis airgeadais comhdhlúite á n-ullmhú. Téann siad sin i bhfeidhm ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a luaitear sa Ráiteas Ioncaim agus ar an luacháil ar shócmhainní agus dliteanais a luaitear sa Chlár Comhardaithe. Bíonn meastacháin agus breithiúnais dá leithéid bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear meastacháin maidir lena bhfuil i ndán a mheastar a bheith réasúnach i gcuinsí an cháis agus a bhíonn faoi réir ag athbhreithniú seasta.

Ba chóir a thabhairt ar aird go bhféadann athraitheas maidir le boinn tuisceana nó meastacháin áirithe tionchar ábhartha, suntasach a bheith aige ar na torthaí a thuairiscítear. Áirítear iad seo a leanas orthu sin, ach níl siad teoranta do:

(a) Na boinn tuisceana a mbaintear leas astu chun dliteanas pinsin a ríomh ag deireadh na bliana, mar a leagtar amach i Nóta 22.

(b) Costais atá i ndán maidir le réiteach mar gheall ar sholáthairtí reatha agus dliteanais maidir le fostaithe, mar shampla costais dhúnta stáisiúin ghiniúna agus dualgais scoir dheonaigh. Nochtar na dliteanais sin i Nótaí 26 agus 22.

(c) Áireamh ar roinnt sócmhainní, dliteanais, ioncaim agus costais ag deireadh na bliana a mbíonn gá le meastachán agus breithiúnas ar leith mar gheall orthu, ina measc an ríomh ar ioncam leictreachais gan bille agus féichiúnaithe, an luacháil ar stoc breosla, costas an bhreosla a ídíodh, saolré fónaimh na sócmhainní seasta agus fabhruithe maidir le hearraí a fuarthas nó le hobair a rinneadh agus nach bhfuarthas sonraisc ó sholáthraithe ina leith go fóill. Déantar meastacháin maidir leis na míreanna sin de réir pholasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa agus de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais Idirnáisiúnta reatha.

(d) Soláthar d'fhiachais a bhfuil amhras fúthu
Cuireann BSL seirbhísí ar fáil do thuairim is 2 mhilliún duine agus gnó, ar théarmaí creidmheasa go príomha. Tá a fhios nach n-íocfar fiachais faoi leith atá dlite do BSL trí mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáidtear meastacháin, bunaithe ar thaithí stairiúil, chun leibhéal na bhfiachas a chreidtear nach mbaileofar a chinneadh. Tá fachtóirí mar staid reatha gheilleagar na hÉireann agus ceisteanna áirithe tionscail san áireamh sna meastacháin sin.

31. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Rinne BSL corprú ar ESB ESOP Trustee Limited i rith na bliana 2001, trí infheistíocht de €1, mar iontaobhaí de chuid an ESB Employee Ownership Trust (ESOT) agus de chuid an ESB Approved Profit Sharing Scheme (APSS). Faoi théarmaí cruthaithe ESB ESOP Trustee Limited, níl ar chumas BSL ná de cheart aige smacht a oibriú ar shócmhainní na cuideachta ná ar lucht na bainistíochta. Iontaobhaí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gcuideachta iontaobhais ar a bhfuil ceathrar stiúrthóirí thar ceann fhostaithe BSL agus beirt stiúrthóirí thar ceann na Cuideachta. Dá réir sin, tá srianta dochta ann a chuireann bac ar chearta BSL a fheidhmiú mar gheall ar shócmhainní na cuideachta nó ar lucht na bainistíochta. De réir Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar leithligh CCI 27, ní dhéantar cuntais ESB ESOP Trustee Limited a chomhdhlúthú le torthaí Ghrúpa BSL.

32. FAOMHADH NA gCUNTAS

Rinne an Bord na cuntais a fhaomhadh ar an 19 Aibreán 2007.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

33. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, CHOMHFHIONTAIR AGUS CHOMHLAIGH

Ainm na Cuideachta	Oifig chláraithe	Sciar an Ghrúpa %	An Cineál Gnó
Gnóthais Fhochuideachta			
ESB International Ltd	*	100	Cuideachta shealbhaíochta
ESBI Engineering and Facility Management Ltd	*	100	Innealtóireacht
ESBI Engineering Overseas Ltd	*	100	Innealtóireacht
ESBI Contracting Ltd	*	100	Conraitheoireacht
ESBI Consultants Ltd	*	100	Comhairleoireacht
ESBI Computing Ltd	*	100	Seirbhísí ríomhaireachta
ESB Ireland Holdings Ltd	*	100	Cuideachta shealbhaíochta
ESBII Technology and Construction	*	100	Giniúint chumhachta
Elfinance Ltd	*	100	Creidmheas custaiméirí
ESB International Investments Ltd	*	100	Infheistíochtaí idirnáisiúnta
ESBI Facility Management Ltd	*	100	Bainistiú saoráide
Salmara Holdings Ltd	*	100	Cuideachta shealbhaíochta
ESB Independent Energy Ltd	*	100	Díolacháin leictreachais
ESB Contracts Ltd	*	100	Conraitheoireacht
ESB Power Generation Holding Company Ltd	*	100	Cuideachta shealbhaíochta
Ballyragget Power Ltd	*	100	Tionscadail chumhachta
Gort Windfarms Ltd	*	100	Feirm Ghaoithe
Crockahenny Wind Farm Ltd	*	75	Feirm Ghaoithe
Utilities O&M Services Ltd	*	100	Seirbhísí oibriúcháin & cothabhála
Hibernian Wind Power Ltd	*	100	Cumhacht ghaoithe
ESB Independent Energy NI Ltd	*	100	Díolacháin leictreachais
ESB Retail Ltd	*	100	Díolachán fhearais leictreacha
ESB Telecoms Ltd	*	100	Teileachumarsáid
Facility Management Espana SL	****	100	Bainistiú saoráide
ESBI Engineering UK Ltd	*****	100	Innealtóireacht agus comhairleoireacht ghinearálta
Electricity Supply Board Services B.V.	Wisma Cyclecarri 288 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur Malaysia	100	Bainistiú saoráide

33. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, CHOMHFHIONTAIR AGUS CHOMHLAIGH (ar lean)

Ainm na Cuideachta	Oifig chláraithe	Sciar an Ghrúpa %	An Cineál Gnó
			Cuideachta shealbhaíochta
Electricity Supply Board International Investments B.V,	Strawinskylaan 3105 Urlár a 7 1077 ZX Amsterdam An Ísiltír	100	
Coolkeeragh ESB Ltd	2 Bóthar Electra Maydown Doire BT47 6 UL	84	Giniúint chumhachta
ESBII UK Ltd	*****	100	Giniúint chumhachta
ESBI Luxembourg SA.	65 boulevard Grande-Duchesse Charlotte L - 1331 Luxembourg	100	Cuideachta shealbhaíochta
Power Generation Technology Snd Bhd	Wisma Cyclecarri 288 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur Malaysia.	100	Giniúint chumhachta
Facility Management UK Ltd	*****	100	Bainistiú saoráide
ESBI Georgia Ltd	39 Gamsakhurdia Ave Suite 42 Tbilisi Georgia	100	Bainistiú Tarchur
Marchwood Power Development Ltd	*****	100	Giniúint chumhachta
Menloe Two Ltd	**	100	Léasú airgeadais
Menloe Investments Ltd	**	100	Léasú airgeadais
Port Talbot Power Ltd	*****	100	Giniúint chumhachta
Asturias Generation de Electricidad S.L	Calle Uria, No 50-4, Oviedo 33001, Asturias, An Spáinn	100	Giniúint chumhachta
Mountainlodge Power Ltd	*	85.9	Giniúint chumhachta
Gnóthas fhochuideachta neamhrialaithe			
ESB ESOP Trustee Ltd	43 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2	100	Scéim Scairshealbhóireacht Foirne
Gnóthais chomhlachais			
CPL Operations Ltd	***	50	Bainistiú saoráide

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

33. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, CHOMHFHIONTAIR AGUS CHOMHLAIGH (ar lean)

Ainm na Cuideachta	Oifig chláraithe	Sciar an Ghrúpa %	An Cineál Gnó
Gnóthais chomhfhiontair			
Corby Power Ltd	***	50	Giniúint chumhachta
Synergen Power Ltd	Pidgeon House Road An Rinn Baile Átha Cliath 4	70	Giniúint chumhachta
Bizkaia Energia SL	****	50	Giniúint chumhachta
Marchwood Power Ltd	*****	50	Giniúint chumhachta
Infheistíochtaí			
Rousch (Pakistan) Power Ltd	94-W, 3rd Floor Admir Plaza Jinnah Ave. Blue Area Islamabad An Phacastáin	7	Táirgeoir cumhachta neamhspleách

* Cúirt Stiabhna, 18-21 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

** 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach.

*** Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire N17 1Q7

**** Poligono Industrial de Boroa , Insula A. I-1, 48340 Amorebieta-, An Spáinn

***** 165 Queen Victoria Street, London EC4V 4DD

Nóta 1: Is é 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 príomháit oibre BSL.

Aguisín

Tuairisc Chomhaltaí an Bhoird maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002)

RÉAMHRÁ

Bhí íocaíochtaí prasa i rith na bliana 2006 faoi réir ag dhá phíosa reachtaíochta:

- Tháinig an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus bhí feidhm leis maidir le hearraí agus seirbhísí a chuir Soláthróirí Éireannacha ar fáil do BSL tar éis an dáta sin.
- Rinne Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002 d'fhonn cur in aghaidh íocaíocht mhall maidir le bearta tráchtálá, leasú ar ar an Acht thuasluaite nuair tháinig sé i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Baineann na Rialacháin sin le conarthaí a rinneadh tar éis an 7 Lúnasa 2002 maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthraigh soláthróirí atá bunaithe san AE do BSL.

RÁITEAS FAOI CHLEACHTAIS ÍOCAÍOCHTA, LENA N-ÁIRÍTEAR GNÁTH-THRÉIMHSÍ ÍOCAÍOCHTA

Tá de pholasaí ag BSL íoc de réir gach sonrasc nach bhfuil cur ina choinne ó sholáthróir taobh istigh de na téarmaí íocaíochta a aontaítear. Glan in aghaidh na míosa na téarmaí caighdeánacha a shonraítear sa ghnáthordú ceannacháin. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i gceist i gcás gur aontaíodh conradh ar leith leis an Soláthróir.

AN REACHTAÍOCHT A CHOMHLÍONADH

Comhlíonann BSL ceanglais na reachtaíochta i ndáil le híocaíochtaí le soláthróirí seachtracha laistigh den AE ar gach bealach ábhartha.

NÓSANNA IMEACHTA AGUS RIALUITHE ATÁ I BHFEIDHM

Tá rialuithe airgeadais inmheánaigh cuí curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear rólanna agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir. Tugann na nósanna imeachta seo ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.

SONRAÍ ÍOCAÍOCHTAÍ ÚIS I NDÁIL LEIS AN MBLIAIN 2006

Nuair a fhaigheann BSL iarratas ón soláthróir, tá sé de pholasaí ag BSL ús atá dlite i leith íocaíochtaí malla a íoc. Rinneadh íocaíocht den sórt sin de €250 i ndáil le híocaíocht mhall sa bhliain 2006.

Tadhg O'Donoghue Cathaoirleach

Padraig McManus Príomhfheidhmeannach

19 Aibreán 2007

design_www.reddog.ie